Commission for
**Communications Regulation**



# Ráiteas Straitéise

## Straitéis um Bainistiú an Speictream Raidió: 2011 – 2013

Uimh. Doiciméid: 11/89a
Dáta: 22 Samhain 2011

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1** | **Réamhrá** | **3** |
| **2** | **Achoimre Feidhmiúcháin** | **5** |
| **3** | **Réamhrá agus Deiseanna** | **7** |
| 3.1 | Ról ComReg | 7 |
| *3.1.1* | *Comhlíonadh agus Forfheidhmiú* | 8 |
| 3.2 | An Méid a Chuireann an Speictream Raidió le Geilleagar na hÉireann | 9 |
| *3.2.1* | *An méid a chuireann an Speictream Raidió le OTI* | 9 |
| *3.2.2* | *An méid a chuireann an Speictream Raidió le Fostaíocht* | 11 |
| 3.3 | Speictream - Buntáiste Nádúrtha na hÉireann | 11 |
| *3.3.1* | *Tástála agus Trialach Éireann* | 12 |
| 3.4 | Deiseanna Speictrim | 12 |
| **4** | **Saincheisteanna Bainistíochta maidir leis an Speictream Reatha** | **14** |
| 4.1 | Seasamh ComReg maidir le Ceantanna Chearta Úsáide an Speictrim | 14 |
| 4.2 | Seasamh ComReg maidir le Trádáil Thánaisteach/Aistriú Cearta Speictrim | 14 |
| 4.3 | Seasamh ComReg maidir le Fad Ceadúnais | 16 |
| 4.4 | Seasamh ComReg maidir le Comhoibriú Idir Oibreoirí Gan Sreang | 16 |
| 4.5 | Seasamh ComReg maidir le hÚsáid Chaidhpeanna Speictrim i gComórtais | 17 |
| **5** | **Straitéis Bhainistíochta Speictrim Raidió** | **18** |
| 5.1 | Achoimre ar Fhachtóirí atá ag Tiomáint Straitéis Bainistíochta Spectrim | 18 |
| *5.1.1* | *Treochtaí Tomhaltóirí* | 18 |
| *5.1.2* | *Forbairtí Coisc* | 18 |
| *5.1.3* | *Teicneolaíochtaí Cumasaithe* | 19 |
| *5.1.4* | *Beartas agus Comhchuibhiú Cumasaithe* | 19 |
| 5.2 | Straitéis Bhainistíochta Speictrim a Thacaíonn le Spriocanna Ardleibhéil ComReg | 19 |
| *5.2.1* | *Cuspóirí Straitéiseacha a Thacaíonn Spriocanna Ardleibhéil ComReg* | 21 |
| **6** | **Straitéis do Sheirbhísí Raidió Sonracha** | **23** |
| 6.1 | Seirbhísí Soghluaiste Poiblí | 23 |
| *6.1.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Soghluaiste Poiblí* | 23 |
| 6.2 | Seirbhísí Craolacháin | 24 |
| *6.2.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Craolacháin* | 24 |


An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation.

Cúirt na Mainistreach Lárionad Irish Life Sráid na Mainistreach Íochtarach Baile Átha Cliath 1 Éire
Teileafón +353 1 804 9600 Facs +353 1 804 9680 Ríomhphost info@comreg.ie Suíomh Gréasáin www.comreg.ie

| | | |
|---|---|---|
| 6.3 | Na Seirbhísí Seasta Trastíre | 24 |
| *6.3.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Seasta Trastíre:* | 24 |
| 6.4 | Seirbhísí Leathanbhanda Gan Sreang | 25 |
| *6.4.1* | *Straitéis ComReg maidir le seirbhísí Leathanbhanda gan Sreang* | 25 |
| 6.5 | Seirbhísí Díolmhaithe Ceadúnais agus Feistí Gearr-Réimse | 25 |
| *6.5.1* | *Straitéis ComReg do Sheirbhísí Díolmhaithe Ceadúnais agus Feistí Gearr-Réimse* | 26 |
| 6.6 | Seirbhísí Muirí | 26 |
| *6.6.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Muirí* | 27 |
| 6.7 | Seirbhísí Aerloingseoireachta | **27** |
| *6.7.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta* | 27 |
| 6.8 | Seirbhísí Satailíte | **27** |
| *6.8.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Satailíte* | 27 |
| 6.9 | Seirbhísí Gnó Raidió (lena n-áirítear seirbhísí sábháilteacht an phobail) | **28** |
| *6.9.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Raidió Gnó* | 28 |
| 6.10 | Seirbhísí Raidió Amaitéaraigh | **28** |
| *6.10.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Raidió Amaitéaraigh* | 28 |
| 6.11 | Seirbhísí Eolaíochta | 29 |
| *6.11.1* | *Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Eolaíochta* | 29 |
| 6.12 | Úsáid An Speictrim Ag Na Fórsaí Cosanta | 29 |
| 6.13 | Cur i bhFeidhm de Chinntí agus de Mholtaí na hEorpa | 29 |
| **7** | **Forbhreathnú Meántéarmach (Tréimhse 3-5 Bliana)** | **30** |
| 7.1 | Bearta Éifeachtacha Speictrim | 30 |
| *7.1.1* | *Táillí Úsáide Bliantúla* | 30 |
| *7.1.2* | *An Teacht Chun Cinn de Phraghsáil Dreasachta Riaracháin (AIP)* | 30 |
| *7.1.3* | *Úsáid na hEarnála Poiblí de Speictream Raidió* | 31 |
| *7.1.4* | *Dul chun cinn teicneolaíocha chun Feabhas a chur ar Éifeachtacht Speictrim* | 31 |
| 7.2 | Dara Díbhinn Dhigiteach | 31 |
| 7.3 | Banda-L (1.5 GHz) | 32 |
| 7.4 | Cumarsáid Mheaisín Go Meaisín | 32 |
| **Aguisín A - Ríomh na Ranníocaíochta den Speictream Raidió** | | **33** |


Is doiciméad é an ráiteas straitéise nach bhfuil aon cheangal dlí ag gabháil leis agus ní chuimsítear aon chomhairle dhlí, tráchtála, airgeadais, teicniúla nó aon chomhairle eile ann. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoi cheangal aige, ná ní hé gur mar a chéile é sin a leagtar amach agus seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin maidir le hábhair ar leith. I gcás go mbeadh aon neamhréireacht idir ábhar an doiciméid seo agus a fheidhmiú cuí dá fheidhmeanna agus chumhachtaí, agus idir a fheidhmiú dá dhualgais agus an bhaint amach de chuspóirí ábhartha faoi réir an dlí, ní dhéanann amhail ábhar dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá bhrí sin, níor chóir iontaoibh mhíchuí a chur in ábhair an doiciméid seo.

# 1. Réamhrá

Is acmhainn náisiúnta luachmhar é an speictream raidió-mhinicíochta, atá mar bhonn agus thaca ag gníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cumarsáide. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá úsáid a fón póca agus leathanbhanda soghluaiste ag gnó agus tomhaltóirí, trí chraolachán (fuaime agus teilifíse), cumarsáid éigeandála agus cosanta, bóithre, aerloingseoireacht agus iompar muirí agus úsáidí meitéareolaíocha agus eolaíocha ar nós réamhaisnéisiú aimsire agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhshaol an Domhain. Tá siad seo go léir ag brath ar rochtain chuí agus iontaofa ar an speictream raidió agus dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbainistítear an acmhainn seo go héifeachtach agus go héifeachtúil. Chun cabhrú le cinnteacht a sholáthar agus chun a chinntiú an úsáid is éifeachtaí as an acmhainn ghann seo, forbraíonn an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) straitéis bhainistíochta speictrim a fhéachann chun cinn.

Le linn na tréimhse a gclúdaíonn an ráiteas straitéise seo táimid ag súil go bhfeicfimid forbairtí suntasacha a mbeidh tionchar acu ar úsáid an speictream raidió. Ina measc seo tá an scaoileadh den bhanda díbhinne digití 800 MHz le haghaidh seirbhísí den chéad ghlúin eile atá mar chuid de cheant il-bhanda atá beartaithe, agus mar thoradh ar an bpróiseas chomh maith beidh léirscaoileadh iomlán de na bandaí 900 MHz GSM agus 1800 MHz GSM. De bharr na bhforbairtí seo tiocfaidh athrú, sna blianta atá romhainn, ar thréith

na seirbhísí do thomhaltóirí ar nós cláir craoladh teilifíse agus leathanbhanda soghluaiste.

Agus an Ráiteas Straitéise seo á dhréachtú, chuir an ComReg a ról, a chuspóirí reachtúla, na hoibleagáidí ábhartha go léir chomh maith leis an ábhar ar fad a cuireadh isteach mar fhreagra[1] ar an réamhchomhairliúchán poiblí[2] san áireamh. Tá an ComReg ar an eolas freisin faoin bhforbairt san Eoraip de Chlár Bheartais an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Speictream Raidió a mbeidh tionchar acu ar bheartais agus straitéisí náisiúnta um speictream de réir a chéile.



Alex Chisholm
Cathaoirleach

Mike Byrne
Coimisinéir

Kevin O'Brien
Coimisinéir

1. Doiciméad ComReg 11/28s - Aighneachtaí ar Chomhairliúchán - Athbhreithniú ar an Tréimhse 2008-2010 & Straitéis Bheartaithe le haghaidh 2011-2013 - 9 Meán Fómhair 2011 agus Doiciméad ComReg 11/87 - Tuilleadh Aighneachtaí ar Chomhairliúchán - Athbhreithniú ar an tréimhse 2008 - 2010 & Straitéis Bheartaithe le haghaidh 2011-2013 – 22 Samhain 2011.
2. Doiciméad ComReg 11/28 - Athbhreithniú ar an tréimhse 2008 - 2010 & Straitéis Bheartaithe do bhainistiú an speictream raidió: 2011 - 2013 - 12 Aibreán 2011

# 2. Achoimre Fheidhmiúcháin

Is meán é an speictream raidió trína bhféadtar eolas a tharchur gan sreang thar achar d'idir cúpla méadar agus na mílte ciliméadar. Tá sé riachtanach anois do sholáthar leanúnach dár gcumarsáid shoghluaiste uileláithreach agus glacadh gan sreang de sheirbhísí craolacháin. Tá sé bunúsach d'oibriú slán san earnáil iompair aeir agus mhuirí agus d'oibriú laethúil na bhfórsaí cosanta agus na seirbhísí éigeandála. Tá rochtain ar speictream raidió ríthábhachtach freisin do go leor feidhmeanna eolaíocha tábhachtacha. Mar sin féin, is acmhainn nádúrtha fhinideach í agus mar sin ní mór an úsáid is fearr a bhaint aisti.

Sa doiciméad seo, leagtar amach straitéis ComReg maidir le húsáid an speictrim raidió in Éirinn a bhainistiú le linn na tréimhse ó 2011 - 2013 ("Ráiteas Straitéise"). Linn na tréimhse seo, tiocfaidh roinnt athruithe tábhachtacha ar leithdháileadh speictrim in Éirinn. Is é aidhm ComReg ná a chinntiú a bhaineann Éire na tairbhí eacnamaíocha, straitéiseacha agus sóisialta is mó as úsáid an speictrim raidió.

Mheas ComReg an méid eacnamaíoch a chuireann úsáid an speictrim raidió le geilleagar na hÉireann agus meastar gurbh ionann an ranníocaíocht le haghaidh 2009 (an chuid is mó suas chun dáta go dtí seo ar fáil) agus tuairim is €3.6 billiún nó 2.2% den OTI iomlán. Measadh meastachán coimeádach ar líon na bhfostaithe in Éirinn a bhfuil a bpost ag brath an úsáid den speictream raidió ag breis is 26,000 i leith 2009.

Ó foilsíodh Comhairliúcháin 11/28 in Aibreán 2011 tá roinnt forbairtí a tarlaíodh le déanaí curtha san áireamh ag ComReg agus iad ag cur an Ráiteas Straitéise chun críche. San áireamh tá:

- cur i gcrích den athbhreithniú ar Chomhchreat na hEorpa agus an trasuíomh den chreat seo isteach i reachtaíocht na hÉireann;
- scaoileadh de roinnt bandaí speictrim ar fud na hEorpa, trí phróiseas ceant éigin den chuid is mó; agus
- forbairtí teicneolaíochta mar atá léirithe le fógraí arna ndéanamh ag monaróirí agus foilseachán de chaighdeáin nua.

Sainithníodh roinnt fórsaí tiomána a thug eolas do straitéis bhainistíochta speictrim ComReg, lena n-áirítear:

- éileamh atá ag méadú go tapa ó na tomhaltóirí maidir le rochtain uileláithreach, ardluais idirlín do ghléasanna seasta agus soghluaiste;
- éileamh méadaithe ar sheirbhísí cumarsáide gan sreang lena gcruthaítear an riosca de chúngracht líonra agus laghdú ar cháilíocht seirbhíse;
- an timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair agus na dúshláin a chruthaítear dá bharr d'infheistíocht chaipitil;
- teacht chun cinn de theicneolaíochtaí raidió nua le héifeachtacht speictream féideartha níos fearr (mar shampla, Rochtain Paicéad Ard-Gaoithe (Evolved High-Speed Packet Access (HSPA +), Éabhlóid Fhadtéarmach (Long Term Evolution )(LTE) agus Raidió Cognaíocha); agus
- méadú a chur ar chomhchuibhiú bandaí speictrim a bhfuil an t-éileamh is mó ann dóibh, ar fud na hEorpa i gcomhréir leis na treoracha agus cinntí Eorpacha, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ríthábhachtach do ComReg ionadaíocht a dhéanamh ar son leasa na hÉireann maidir le beartas um bainistíocht speictrim a fhorbairt sa todhchaí .

Is cosúil go mbeidh iad seo a leanas i measc na bpríomhchúraimí a bhaineann le speictream raidió le linn na tréimhse den Ráiteas Straitéise 2011 - 2013:

- cur i gcrích den phróiseas comhairliúcháin maidir leis an scaoileadh féideartha, ar bhonn-léirscaoilte iomlán, den díbhinn dhigiteach 800 MHz, agus na bandaí 900 MHz agus1800 MHz;
- éascú den chur i bhfeidhm de Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) sna bandaí Ultra Ardmhinicíochta (UHF) IV agus V atá níos lú ná 790 MHz, agus de mhúchadh an tharchur teilifíse analógaí in 2012;
- smaoineamh faoin scaoileadh de bhandaí minicíochta nua le haghaidh nasc socraithe chun freastal ar éileamh an mhargaidh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim Ceadúnas Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA) sna bandaí minicíochta GHz 3.6, 10.5 GHz agus 26 GHz;
- smaoineamh ar an úsáid sa todhchaí den bhanda 2.6 GHz agus cearta na gceadúnaithe reatha á gcur san áireamh chomh maith le smaoineamh faoi hionchuir a fuarthas go dtí seo; agus
- comhairliúchán a reáchtáil maidir le tuilleadh roghanna teicniúla agus roghanna um scaoileadh speictrim a bhaineann leis an mbanda minicíochta 2.3 GHz.

Tá struchtúr an doiciméid seo mar seo a leanas:

- Mír 3 - ina dtugtar cur síos ar: Ról ComReg mar bhainisteoir speictrim; speictream mar bhuntáiste nádúrtha na hÉireann, úsáid na scéime Tástáil & Triail d'fhonn nuálaíocht gan sreang a spreagadh , an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn ag úsáid an speictrim in Éirinn agus liosta achoimre ar na deiseanna féideartha speictrim;
- Mír 4 - ina dtugtar cur síos ar sheasamh ComReg maidir le saincheisteanna áirithe reatha um bainistíocht speictrim;
- Mír 5 - ina leagtar amach misean ComReg, spriocanna ardleibhéil agus cuspóirí straitéiseacha, atá, mar aon leis na fórsaí tiomána straitéise a shainaithnítear thuas, mar bhonn agus taca de straitéis bhainistíochta speictrim ComReg;
- Mír 6 - ina dtugtar cur síos ar straitéis nó plean gnímh lena gcuimsítear an chéad dá bhliain eile do gach seirbhís a bhfuil ComReg i gceannas uirthi; agus
- Mír 7 - ina gcuirtear ar fáil dearcadh meántéarma (idir trí agus cúig bliana ), leis an aidhm d'eolas faoi shaincheisteanna áirithe a thabhairt don tionscal.

# 3. Réamhrá agus Deiseanna

I gceist le bainistíocht an speictream raidió tá meascán cúramach de nósanna imeachta riaracháin, rialála agus teicniúla chun feidhmiú éifeachtach na dtrealamh agus líonraí radióchumarsáide a áirithiú. Is é ceann de na príomhspriocanna a bhaineann le bainistíocht speictrim ná an úsáid is fearr den speictream raidió a chinntiú, ag féachaint do chúinsí sóisialta, eacnamaíocha agus teicniúla.

Agus an speictream raidió á bhainistiú, ní mór do ComReg raon fachtóirí a bhíonn in iomaíocht lena chéile go minic a chothromú. Áirítear leo seo, ach níl siad teoranta dóibh:

- a chinntiú go gcomhlíonann ComReg na riachtanais de gach seirbhís raidió agus go bhfuil cothromaíocht idir riachtanais tráchtála agus bheartais phoiblí;
- tairbhí sóisialta a eascraíonn ó úsáid speictrim raidió a uasmhéadú. Mar shampla, i ndáil le craolachán, sábháilteacht an phobail, slándáil náisiúnta agus cúram sláinte;
- iomaíocht a chur chun cinn, cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus leasa saoránach an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn; agus
- feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann trína chinntiú go bhfuil speictream leordhóthanach á leithdháileadh agus á shannadh d'úsáideoirí, úsáideoirí a chuirfidh an luach is fearr leis an tsochaí.

Ina theannta sin, tá gá le húsáid éifeachtach an speictrim raidió a spreagadh agus le bainistiú éifeachtach an speictrim raidió a chinntiú laistigh de theorainneacha na srianta speictrim agus na bhforbairtí teicneolaíochta. Mar sin, tá gá don phróiseas rialála, a bhaineann le spreagadh na húsáide is fearr den speictream raidió, a bheith solúbtha agus freagrúil ionas go bhfeadfaí é a chur in oiriúint d'athruithe i dteicneolaíochtaí, in éileamh, i margaí agus i mbeartas poiblí.

I roinnt cásanna teoranta, aithnítear go bhféadfadh gá a bheith le cearta speictrim a chur ar leataobh d'fhonn soláthar seirbhísí poiblí áirithe a chosaint, ar nós sábháilteacht agus cosaint nó d'fhonn roinnt oibleagáid idirnáisiúnta a chomhlíonadh a bhaineann le húsáid speictrim.

### 3.1 Ról ComReg

Is é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta (NRA) freagrach as rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, radióchumarsáid agus tarchur craoltóireachta[3]) in Éirinn.

San Acht um Rialáil Cumarsáide 2002-2010 (arna leasú) (an "tAcht 2002 "), sna Rialacháin um Chreat agus Údarú (I.R. Uimh. 333 de 2011 agus I.R. Uimh. 335 de 2011 faoi seach), agus sna hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta, 1926 (arna leasú) (an "tAcht 1926 ") leagtar amach, i measc nithe eile, feidhmeanna agus cuspóirí an ComReg i ndáil leis an speictream raidió.

3. I dtaca le craoltóireacht, baineann ról ComReg go príomha le saincheisteanna sannta agus bainistíochta speictrim. Tá an fhreagracht de rialáil na líonraí craolacháin ag ComReg freisin. Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a dhéanann cinneadh maidir le beartas craoltóireachta agus is é an BAI a rialaíonn na saincheisteanna ábhair.

Leis an eisceacht de ghaireas ceadúnaithe le haghaidh raidió-theileagrafaíochta (agus na rialacháin a dhéanamh i ndáil le ceadúnais) nó gaireas a dhíolmhú ó cheadúnú faoin Acht 1926, áirítear ar na feidhmeanna seo bainistíocht speictrim raidió-mhinicíochta na hÉireann i gcomhréir leis na treoracha beartais ábhartha aireachta faoi alt 13 den Acht 2002, atá ag ComReg le cur i gcrích go héifeachtach, agus ar bhealach a fhreastalaíonn chun a chinntiú go bhfuil leithdháileadh agus sannadh na minicíochtaí raidió bunaithe ar chritéir oibiachtúla thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheach agus chomhréireacha. Chomh maith lena ról a chur i gcrích i ndáil le bainistíocht speictream raidió ní mór don ComReg, i measc nithe eile:

- a chinntiú go mbeidh na bearta a ghlacfar comhréireach chun a chinntiú go ndéanfar bainistiú agus úsáid éifeachtach den speictream raidió;
- aird a thabhairt ar fhorbairtí idirnáisiúnta i ndáil leis an speictream minicíochta raidió;
- aird a thabhairt ar ráitis bheartais, foilsithe ag nó thar ceann an Rialtais nó Aire Rialtais agus curtha in iúl do ComReg, ráitis a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit; agus
- comhlíonadh le treoracha beartais ar thug an tAire do ComReg de réir mar a cheapann sé nó sí is cuí don Choimisiún leanúint agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige.

Ós rud é go síneann minicíochtaí raidió thar theorainneacha náisiúnta go nádúrtha, bíonn gá le heolas domhain agus rannpháirtíocht i dtaca le forbairtí Eorpacha agus domhanda sa réimse bainistíochta speictrim. Bíonn pleanáil idirnáisiúnta ag teastáil ó fhormhór an speictream raidió agus, i roinnt cásanna, cuireann sé seo srianta ar an mbealach a fhéadtar minicíochtaí sonracha nó bandaí minicíochta a úsáid. Is amhlaidh é seo go háirithe sna hearnálacha aerloingseoireachta agus muirí, ós rud é go gcaithfidh longa agus aerárthaí minicíochtaí sonracha a úsáid le haghaidh críocha loingseoireachta agus cumarsáide, mar gheall ar nádúr domhanda na seirbhísí seo. Ina theannta sin, tá roinnt minicíochtaí idirnáisiúnta comhchuibhithe le haghaidh córais raidió tráchtála, mar shampla fóin cheallacha (póca). Rinneadh na bandaí craolta teilifíse agus raidió a chomhchuibhiú roinnt deich mbliana ó shin d'fhonn comhordú a éascú idir tíortha comharsanacha agus forbairt de mhargaí tomhaltóirí a éascú.

Go príomha, tá rialachán domhanda an speictream raidió laistigh de shainchúram an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU), cé go bhfuil na feidhmeanna rialála réigiúnacha ag an Aontas Eorpach (AE) agus ag Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT). Sainmhíníonn na comhlachtaí seo an chreatlach leathan a gcaithfear gach úsáideoir speictrim feidhmiú ann, agus i gcásanna áirithe d'fhorbair siad cur chuige comhchuibhithe maidir le húsáid speictrim d'fhonn seirbhísí idirnáisiúnta a éascú, margaí a oscailt agus an riosca trasnaíochta a íoslaghdú idir úsáideoirí. In Aguisín A de Dhoiciméad Comhairliúcháin ComReg 11/28 ("Comhairliúchán11/28 ") tá cur síos níos mine tugtha ar an ról atá ag na comhlachtaí idirnáisiúnta agus tá sonraí breise ar an gcreatlach náisiúnta do bhainistiú speictrim.

Chun na críche sin, tá ról gníomhach ag ComReg, agus ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR), chomh i bhfóraim idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an leithdháileadh idirnáisiúnta agus creat rialála ar riachtanais shainiúla na hÉireann a mhéid agus is féidir. Bíonn ComReg rannpháirteach freisin i staidéir chomhoiriúnachta theicniúla agus i bhforbairt na gcaighdeán teicniúil chun tacú le húsáid níos éifeachtaí agus níos solúbtha den speictream.

Rinne ComReg breithniú cuí freisin ar an Ráiteas Beartais Speictrim arna fhoilsiú le déanaí ag an DCENR[4]. Leis an ráiteas sin ceanglaítear, i gcomhréir lena fheidhmeanna faoin Acht 2002 agus aird mar is cuí ar an gcuspóir de bhainistiú éifeachtach agus úsáid an speictrim raidió-mhinicíochta a chinntiú, go mbainisteoidh ComReg an acmhainn náisiúnta speictrim raidió i gcomhréir le trí phríomhchuspóir bheartais agus naoi bprionsabal beartais arna mionsonrú sa ráiteas sin.

### 3.1.1 Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Faoin Acht 2002 ceanglaítear ar ComReg úsáid éifeachtach an speictrim raidió a spreagadh agus bainistiú éifeachtach dó a chinntiú in Éirinn. Tá ceanglas chomh maith ar ComReg a chinntiú go bhfuil gach trealamh raidió a chuirtear ar an margadh ag comhlíonadh na dTreoracha R&TTE[5] agus EMC[6], agus a chinntiú go gcomhlíonann seilbh agus úsáid as gaireas le haghaidh raidiótheileagrafaíochta na n-oibleagáidí faoin Acht 1926.

4. Ráiteas Beartais Speictrim, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Meán Fómhair 2010.
5. Tagraíonn an Treoir R&TTE d'Alt 3(2) de Threoir 1999/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 1999 On Radio Equipment And Telecommunications Terminal Equipment and the Mutual Recognition of Their Conformity I.O. 7.4.99.
6. Tagraíonn an Treoir EMC do Threoir 2004/108/CE an 15 Nollaig 2004 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach I.O. L 390/24.

# 3.Réamhrá agus Deiseanna *ar lean*

Tá éabhlóid na dteicneolaíochtaí gan sreang mar thoradh ar an méadú ar chineál na n-imscrúduithe trasnaíochta a rinne an ComReg. Chun na críche sin, déanann ComReg monatóireacht ar oibreoirí ceadúnaithe chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh a gcuid coinníollacha ceadúnais agus fiosraíonn sé gearáin maidir le trasnaíocht. Déanann ComReg monatóireacht ar an speictream raidió chun a chinntiú nach bhfuil aon oibreoirí neamhúdaraithe ann agus glacann sé gníomh forfheidhmithe iomchuí in aghaidh aon duine nó gnó a fuarthas ag feidhmiú go neamhdhleathach córas raidió gan ceadúnas cuí faoin Acht 1926. D'fhonn an ról seo a chur chun cinn , tá an ComReg ag cur stáisiún monatóireachta iargúlta i bhfeidhm ar fud na tíre chun monatóireacht réamhghníomhach ar an speictream raidió a éascú agus chun cásanna trasnaíochta a fhiosrú.

Tá ComReg tiomanta dá chinntiú go bhfuil úsáid dhleathach á baint as an speictream raidió agus leanfaidh sé ar aghaidh lena clár forfheidhmithe feadh shaolré an phlean seo.

## 3.2 An Méid a Chuireann an Speictream Raidió le Geilleagar na hÉireann

Ceann de na rudaí is tábhachtaí lena bhreithniú agus straitéis do bhainistiú speictrim raidió á forbairt ná an méid a chuireann úsáid an speictrim raidió le geilleagar na hÉireann agus le hiomaíochas náisiúnta. Dar le hanailís a rinne ComReg, bunaithe ar thuarascálacha bliantúla atá ar fáil go poiblí is ionann an ranníocaíocht iomlán le Táirge na hÉireann Intíre (OTI) a eascraíonn as úsáid an speictrim raidió in 2009 agus beagnach €3.6 billiún, nó thart ar 2.2% de OTI na bliana iomláine.

Tá speictream ina ghineadóir thábhachtach fostaíochta freisin. Measadh meastachán coimeádach ar líon na bhfostaithe in Éirinn a bhfuil a bpost ag brath ar úsáid den speictream raidió ag breis is 26,000 i leith 2009[7]. Leagann na figiúirí seo béim ar an tábhacht a bhaineann le speictream raidió do gheilleagar na hÉireann.

Ní bheag iad na buntáistí sóisialta a eascraíonn as úsáid an speictrim raidió ach an oiread. Mar shampla, braitheann feidhmiú éifeachtach na seirbhísí Gardaí, dóiteáin agus otharchairr ar chumarsáid shoghluaiste iontaofa, tá ról suntasach ag raidió maidir le cumas na bhFórsaí Cosanta a éascú ionas go gcuireann siad i gcrích a gcuid dualgas sa bhaile agus thar lear. Sáraíonn luach na craoltóireachta a ranníocaíocht eacnamaíoch i dtéarmaí sochaí sibhialta, éagsúlacht chultúrtha agus iolrachas na meán a chothú, lena dtaispeántar dá réir sin a thábhacht mar sprioc um beartas poiblí. Tá speictream raidió bunúsach freisin d'oibriú slán iompair farraige, aeir, agus ar tír. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag Éirinn maidir leis an trácht raidió idirnáisiúnta a bhainistiú san earnáil aerloingseoireachta, ag déileáil leis na heitiltí go léir idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil an méid a chuireann na hearnálacha éagsúla seo leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar ag brath go mór ar rochtain ar speictream raidió.

Agus, is dócha freisin gur chur úsáid an speictrim raidió, trína cumas le spreagadh na dteicneolaíochtaí nua agus na nuálaíochta a éascú , go mór leis na méaduithe ginearálta i dtáirgiúlacht. Cé nach ndéantar tomhas air seo go díreach, aithníonn go leor tráchtairí an nasc atá idir úsáid mhéadaithe Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus táirgiúlacht níos fearr[8]. Dá bhrí sin, is rídócha gur suntasach é an tionchar indíreach atá ag úsáid speictrim, i dtéarmaí táirgiúlachta ginearálta a spreagadh ar fud an gheilleagair. In Aguisín A den doiciméad seo, cuirtear ar fáil an mhodheolaíocht a úsáidtear i ríomh na figiúirí seo, chomh maith leis na teorainneacha agus caveat a chaithfear a chur san áireamh.

### 3.2.1 An méid a chuireann an Speictream Raidió le OTI

I bhFigiúr 1 léirítear thíos an gaol idir OTI iomlán na hÉireann sna blianta 2005-2009 agus rannpháirtíocht tathagaithe na hearnála raidió le linn na tréimhse céanna. Cinntear go coimeádach gur ionann an méid a chuireann speictream raidió le OTI agus €3.6 billiún nó 2.2% den OTI. Is meastachán coimeádach é seo ar fheidhmíocht fhoriomlán na hearnála agus ina theannta sin ní hairítear sna meastacháin seo oibríochtaí satailíte de bharr nach raibh fáil ar fhaisnéis airgeadais, a bhaineann le geilleagar na hÉireann, ó na gnólachtaí.

7. Ní thaispeánann na meastacháin choimeádacha seo an fíorluach de ranníocaíocht iomlán an speictrm ós rud é nach raibh sé indéanta na seirbhísí ar fad a luacháil mar gheall ar an easpa de shonraí bríocha.
8. Lars-Hendrik Roller, Leonard Waverman, "Telecommunications Infrastructure and Economic Development: A Simultaneous Approach,"American Economic Review, Vol. 91, No. 4 (Sep., 2001), lth. 909-923.

**Figiúr 1 : An méid a chuireann an Speictream Raidió le OTI: 2005 – 2009**




I dTábla 1 soláthraítear miondealú ar an rannpháirtíocht OTI de réir earnála[9].

**Tábla 1 : Ranníocaíocht OTI de réir Earnála**

| Ranníocaíocht leis an OTI | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Craoltóireacht | 270 | 256 | 353 | 360 | 293 |
| Soghluaiste | 639 | 978 | 935 | 762 | 743 |
| Eitlíocht | 1931 | 1858 | 2264 | 2646 | 1798 |
| FWALA | 2 | 12 | 20 | 30 | 6 |
| Tacaíocht don Earnáil Shoghluaiste | 146 | 153 | 54 | 21 | 12 |
| Miondíol Shoghluaiste | 5 | 9 | 14 | 20 | 8 |
| Teicneolaíocht raidió | 4 | 7 | 19 | 20 | 19 |
| Feistí ar chumhacht íseal | 437 | 399 | 148 | 97 | 352 |
| Iomlán | **3435** | **3672** | **3808** | **3956** | **3231** |
| Iolraitheoir eacnamaíoch | **3776** | **4039** | **4189** | **4352** | **3554** |
| Éire OTI Iomlán | **161498** | **165047** | **189374** | **179989** | **159646** |
| % Ranníocaíocht de Raidió | **2.34** | **2.45** | **2.21** | **2.42** | **2.23** |

Bhí an cur chuige a glacadh chun an méid a chuireann speictream raidió le OTI a chinneadh le cur san áireamh an ranníocaíocht dhíreach de na hoibreoirí ábhartha i ngach earnáil i gcomhar le meastacháin ar na nascálacha ar aghaidh agus siarghabhálacha sa gheilleagar. Bhí siad seo bunaithe ar na slabhraí luacha do na hearnálacha a bhaineann úsáid as speictream. Mar shampla, maidir leis na seirbhísí soghluaiste, áiríodh leis an gcur chuige seo ioncam a ghintear ó sholáthraithe miondíola soghluaiste agus bogearraí, soláthraithe slándála agus soláthraithe eile don earnáil shoghluaiste. Maidir le seirbhísí craolacháin bhí ioncam a ghintear trí nascálacha ar aghaidh chuig an tionscal fógraíochta san áireamh. Measadh na tionchair níos leithne ar an ngeilleagar ina iomláine ag baint úsáide as iolraitheoir eacnamaíoch ginearálta de 1.1 chun teacht ar na figiúirí deiridh sa tábla thuas[10].

9. Ní hairítear sna meastacháin seo oibríochtaí satailíte de bharr nach raibh fáil ar fhaisnéis airgeadais, a bhaineann le geilleagar na hÉireann, ó na gnólachtaí seo.
10. I dteoiric eacnamaíoch, réamhleagtar iolraitheoirí ar an gcoincheap gur féidir le méadú tosaigh ar chaiteachas a bheith mar chúis le méadú níos mó in ioncam náisiúnta mar thoradh ar iarmhairtí indíreacha a bhaineann leis an gcaiteachas. I bhfocail eile, is féidir le hathrú tosaigh san éileamh comhiomlán a bheith mar chúis le hathrú breise in aschur comhiomlán don gheilleagar. Tuairiscítear an t-iolraitheoir eacnamaíoch ghinearálta a úsáidtear sa ráiteas seo i "The Macro-economy of Ireland," le Leddin agus Walsh.

# 3.Réamhrá agus Deiseanna
*ar lean*

Tábla 2 : Figiúirí Fostaíochta de réir Earnála

| Fostaíocht | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Craoltóireacht | 4931 | 4710 | 3494 | 3488 | 3437 |
| Soghluaiste | 3265 | 3572 | 3578 | 3548 | 3473 |
| Eitlíocht | 14595 | 15986 | 12329 | 13869 | 14625 |
| FWALA | 89 | 389 | 432 | 411 | 153 |
| Tacaíocht don Earnáil Shoghluaiste | 2273 | 2333 | 151 | 95 | 88 |
| Miondíol Soghluaiste | 231 | 263 | 332 | 431 | 442 |
| Teicneolaíocht raidió | 80 | 127 | 92 | 101 | 112 |
| Feistí ar Chumhacht Íseal | 3449 | 3012 | 1605 | 2027 | 1928 |
| Iomlán | **28912** | **30392** | **24214** | **26367** | **26684** |

### 3.2.2 An méid a chuireann an Speictream Raidió le Fostaíocht

I dTábla 2 thuas, measadh na héifeachtaí fostaíochta go díreach nuair a bhí sonraí oiriúnacha ar fáil (mar shampla, ó thuarascálacha bliantúla). Úsáidtear an t-iolraitheoir de 1.1 sa chomhthéacs seo freisin. Tar éis laghdú ar fhostaíocht san earnáil in 2007, tháinig méadú ar fhigiúirí fostaíochta arís in 2009.

## 3.3 Speictream - Buntáiste Nádúrtha na hÉireann

I gcomparáid le go leor tíortha eile, tá buntáiste speictrim raidió nádúrtha ag Éirinn. Tá sé seo de bharr roinnt fachtóirí, agus nuair a chuirtear le chéile iad tá fáil ard ar speictream raidió "glan" in Éirinn. San áireamh sna fachtóirí seo tá:

- Suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa, rud a chiallaíonn go bhfuil líon níos lú de shrianta comhordaithe idirnáisiúnta i dtaca le speictream raidió;
- Úsáid measartha íseal na hÉireann ar an speictream raidió le haghaidh críocha cosanta; agus
- An dlús daonra sách íseal atá in Éirinn.

D'fhonn an leas is mó a bhaint as an infhaighteacht ard de speictream raidió glan, tá ComReg gníomhach ag cur chun cinn agus ag tacú le húsáid an speictrim raidió do sholáthar seirbhísí gan sreang. Tá go leor buntáistí i gceist anseo agus is féidir leis cabhrú leis an imlonnú níos luaithe de sheirbhísí nuálacha agus tras-ardán iomaíochta a mhéadú.

### 3.3.1 Tástála agus Trialach Éireann

Ina theannta sin cuireann ComReg úsáid speictrim raidió chun cinn le haghaidh críocha neamhthráchtála, agus, go háirithe, le haghaidh tástála agus/nó trialach na ngléasanna agus seirbhísí gan sreang. In 2005, sheol ComReg an Clár Ceadúnú Tástála & Trialach gan Sreang - Tástála agus Trialach Éireann[11].

Leis an gclár ceadúnaithe tá sé níos éasca d'úsáideoirí rochtain a fháil ar speictream raidió na hÉireann chun críocha tástála agus trialach agus áirítear na gnéithe seo a leanas:

- meastar na bandaí speictream raidió go léir atá ar fáil le haghaidh ceadúnais tástála nó trialach;
- rochtain ar speictream raidió saor chun críocha tástála agus trialach agus chun nuálaíocht a chur chun cinn;
- cumas na ngnólachtaí agus na dtomhaltóirí a bheith rannpháirteach i dtriail, lena ligtear do chuideachtaí aiseolas tomhaltóra luachmhar a fháil roimh sheoladh tráchtála; agus
- de ghnáth, déantar na hiarratais ar cheadúnais a phróiseáil go prap laistigh de 10 lá ó fhaightear iarratas comhlánaithe.

Cuidíonn Tástála agus Trialach Éireann le bonn taighde dhúchasaigh gan sreang a fhás agus is féidir leis forbairt na gcuideachtaí a éascú, cuideachtaí atá mar chuid den mhórthionscal gan sreang.

Tá ComReg ag obair chun feabhas a chur ar Tástála agus Trialach Éireann agus, ar feadh saolré an Ráitis Straitéise seo, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag breathnú ar gach banda speictrim le haghaidh críocha tástála agus a trialach agus déanfaidh sé monatóireacht ar an éileamh ar speictream nach bhféadtar freastal orthu tríd an gclár ceadúnaithe Tástála agus Trialach Éireann. Tá ComReg fós cinnte go mbíonn buntáiste speictream nádúrtha ag Éirinn mar gheall ar a hinfhaighteacht ard de speictream raidió glan agus leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí Stáit eile, Rialtais, eagraíochtaí tráchtála agus institiúidí taighde d'fhonn an tairbhe d'Éirinn as an mbuntáiste seo a uasmhéadú.

## 3.4 Deiseanna Speictrim

Sa mhír seo tugtar liosta achoimre de na bandaí minicíochta a shainaithin ComReg le haghaidh scaoileadh i rith na tréimhse a chlúdaítear sa Ráiteas Straitéise seo. Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt de na bandaí arna n-aithint mar chuid de phróisis chomhchomhairle atá ar bun agus luaitear anseo iad le haghaidh iomláine[12]. Tá roinnt fachtóirí ann nach bhfuil smacht ag ComReg orthu, lena n-áirítear athrú teicneolaíochta agus éileamh agus forbairtí ag leibhéal Eorpach nó leibhéal domhanda. Ina theannta sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag torthaí na gcomhairliúchán poiblí agus ag srianta acmhainní chomh maith ar scaoileadh na gceart speictrim.

Ba chóir do pháirtithe leasmhara a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-eolas sa mhír seo le húsáid mar threoir amháin agus ní cheanglófar aon réim ghníomhaíochta ar ComReg le haon ní sa mhír seo. Níor chóir go gceapfaí nach mbreithneofar aon bhanna faoi leith nach bhfuil ainmnithe sa doiciméad seo nó sa mhír seo ach go háirithe, lena leithdháileadh sa todhchaí nó sa tréimhse arna clúdach ag an straitéis seo Leanann ComReg ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar éileamh speictrim, ar fhorbairtí réigiúnacha, idirnáisiúnta agus tráchtála agus bhféidir go ndéanfaidh sé iarracht bandaí eile a chur ar fáil dá n-éileodh imthosca amach anseo é sin.

11. Féach www.testandtrial.ie – suíomh gréasáin Tástála agus Trialach Éireann ComReg.
12. Cé go ndéanfaidh ComReg sáriarracht madir le bandaí ar leith a chur ar fáil le haghaidh scaoileadh, ní féidir linn a chinntiú go ndéanfar é seo i ngach cás.

# 3.Réamhrá agus Deiseanna
*ar lean*

Tábla 3 : Deiseanna Speictrim Féideartha

| Banda Speictrim | Tráthúlacht/acmhainneacht scaoilte | Nótaí |
|---|---|---|
| **Díbhinn Dhigiteach 800 MHz** | Comhairliúchán ar bun | Tarchur ComReg 11/60 |
| **880 – 892.8 MHz curtha le chéile le 925 – 937.8 MHz** | Comhairliúchán ar bun | Tarchur ComReg 11/60 |
| **1452 – 1492 MHz** | Scaoileadh faoi réir bearta comhchuibhithe an AE á chur i gcrích | Leas suntasach curtha in iúl do do scaoileadh an bhanda seo |
| **1710 – 1785 MHz curtha le chéile le 1805 – 1880 MHz** | Comhairliúchán ar bun | Tarchur ComReg 11/60 |
| **1900 – 1905 MHz & 1915 – 1920 MHz** | Níl sé faoi bhreithniú | Easpa éilimh |
| **2010 – 2025 MHz** | Acmhainneacht chun an banda seo a scaoileadh leis féin nó mar chuid de dhámhachtain il-bhanda | Beagán spéise léirithe |
| **2300 – 2400 MHz** | I gcomhar breithnithe tar éis na hoibre comhchuibhithe CEPT/AE a chur i gcrích | Spéis mhór léirithe sa bhanda seo |
| **2500 – 2690 MHz** | Roghanna teoranta le linn na tréimhse straitéise mar gheall ar chearta ceadúnaí de dhualgas | Spéis mhór léirithe sa bhanda seo |
| **26 GHz**<br>(24.7 – 25.2 GHz curtha le | Acmhainneacht le haghaidh tuilleadh scaoilte de Cheadúnais Bhloic Náisiúnta uair agus a réitítear saincheisteanna a bhaineann le srianta teicniúla | Spéis in éadáil na gceadúnas bloic |
| **28 GHz**<br>(27.5 – 29.5 GHz) | Banda nua nasc seasta féideartha | Spéis mhór léirithe sa bhanda seo |
| **Banda 31/32 GHz**<br>(31-31.3 GHz curtha le chéile le 31.5 – 31.8 GHz chomh maith le 31.8 – 33.4 GHz) | Banda nua nasc seasta féideartha | Spéis mhór léirithe sa bhanda seo |
| **Banda 40 GHz**<br>(40.5 – 43.5 GHz) | Banda nua nasc seasta féideartha - tosaíocht níos faide ná an scaoileadh 28 GHz agus 31/32 GHz | Spéis mhór léirithe sa bhanda seo |

# 4. Saincheisteanna Bainistíochta maidir leis an Speictream Reatha

### 4.1 Seasamh ComReg maidir le ceantanna ceart um úsáid an speictrim

Níl ComReg i bhfabhar aon chur chuige ar leith le haghaidh cearta speictrim a bhronnadh, ach is fearr leis gach bronnadh a bhreithniú ar a mbunús féin. I ngach cás ní mór do na critéir roghnúcháin a bheith oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach, agus comhsheasmhach le cuspóirí agus dualgais reachtúla ComReg. Agus measúnú den sórt sin á dhéanamh breithníonn ComReg i measc nithe eile, méid agus scála mhargadh na hÉireann, breithnithe beartais phoiblí, breithnithe sóisialta, breithnithe eacnamaíochta agus margaidh, fachtóirí dlíthiúla agus an t-éileamh agus an úsáid ionchasach d'fhonn an modh leithdháilte is iomchuí a chinneadh chun toradh éifeachtúil a sholáthar.

Le blianta beaga anuas tá Comreg den tuairim go bhfuil buntáistí ann maidir le ceantanna a úsáid mar mheicníocht dámhachtain do bhandaí áirithe, i gcás líon na gceadúnas a bheidh le bronnadh a bheith teoranta agus más amhlaidh é go mbeidh níos mó éilimh ann ná soláthar. Tá fianaise ann gur mhodh tapa, cothrom agus trédhearcach iad ceantanna chun cearta speictrim a shannadh. Measann ComReg go bhfuil ceant saincheaptha go hoiriúnach cothrom agus cuí sa suíomh 'úrnua' agus 'athfhorbraíochta' araon, mar is féidir le dearadh iomchuí díriú ar ábhair a bhaineann leis na dálaí. Maidir leis sin, measann ComReg go bhféadfaidh ceantanna an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil, chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil ceisteanna a bhaineann le leanúnachas soláthar nó cur isteach ar sheirbhísí do thomhaltóirí (trí chaillteanas féideartha de rochtain ar chearta speictrim). Mar shampla, is féidir le ceant le babhtaí oscailte ligean do ghnólachtaí seiceáil níos fearr a dhéanamh ar a luachálacha ar leanúnachas gnó agus dó seo a nuashonrú i bhfianaise na faisnéise a ghintear sa cheant. D'fhéadfadh a leithéid de mheicníocht tairbhí a thabhairt do na rannpháirtithe go léir i gcás go mbíonn éiginnteacht luach suntasacha coiteanna maidir le praghsáil chuí na gceart speictrim áirithe.

Déanann ComReg na tuairimí seo a leanas i dtaca lena úsáid níos mó de na meicníochtaí ceant, go háirithe in imthosca, mar shampla, nuair is cosúil go mbeidh cearta úsáide speictrim gann, is dócha go mbeidh éileamh mór do chearta speictrim ar leith agus/nó i gcás go mbíonn rochtain ar chearta speictrim áirithe tábhachtach do nádúr dinimiciúil na hiomaíochta sa mhargadh miondíola ábhartha iartheachtach:

- tá sé cruthaithe in Éirinn agus thar lear gur mheicníocht sannta thapa, chothrom, éifeachtach agus thrédhearcach é ceant. Cúis amháin leis seo, ná go seachnaíonn siad aon eilimint shuibiachtúil atá bainteach le nósanna imeachta roghnúcháin chomparáideacha, agus saincheisteanna a bhaineann le sainchúraim riaracháin, go háirithe nuair nach mbíonn rochtain ag an mbainisteoir speictream ar eolas comhiomlán;
- ligean ceantanna do ghnólachtaí a bhfuil an luach is mó acu ar na cearta speictrim rochtain a fháil orthu chomh maith. Tríd é seo a dhéanamh, cuireann ceantanna nuálaíocht agus infheistíocht i mbonneagair nua chun cinn agus cuireann siad le húsáid éifeachtach na gceart speictrim a shanntar trí dhreasachtaí fíoreacnamaíocha a sholáthar do bhuaiteoirí chun úsáid a bhaint as na cearta speictrim a fhaightear. Cinntíonn sé seo chomh maith go mbainfidh tomhaltóirí agus saoránaigh an leas is mó i dtéarmaí soláthar seirbhísí deiridh as úsáid an speictrim sin; agus
- le ceantanna cuirtear chun cinn chomh maith, i measc rudaí eile, cinnteacht rialála, iomaíocht (maidir le cearta speictrim agus i margaí iarmhartacha araon), agus an margadh inmheánach trína chinntiú nach bhfuil aon chóireáil fhabhrach ann de ghnóthais áirithe agus mar sin deiseanna cothroma á soláthar don iontráil nua ó laistigh den Stát agus ar fud an AE.

### 4.2 Seasamh ComReg maidir le trádáil thánaisteach /aistriú cearta speictrim

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar an gCreat Rialála Coiteann le déanaí agus d'fhonn comhchuibhiú a áirithiú ar fud an AE, tá an CE ag iarraidh bandaí speictream a shainaithint ina bhféadtar na cearta speictrim a aistriú nó a ligean ar léas idir gnóthais (seachas bandaí a úsáidtear le haghaidh craolacháin).

Chruthaigh ComReg foireann tionscadail a bhí an cúram aige de nósanna imeachta agus na bearta a bhí riachtanach do chur i bhfeidhm de thrádáil speictream in Éirinn agus eiseoidh ComReg comhairliúchán maidir le nithe den sórt sin dá leithéid le linn na tréimhse den Ráiteas Straitéise seo de réir a chéile. Tugann ComReg faoi deara go bhfuil aon chur chun feidhme dá leithéid le déanamh ar mhodh a chuireann le baint amach de chuspóirí reachtúla ComReg, lena n-áirítear cur chun cinn na hiomaíochta agus cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh.

# 4. Saincheisteanna Bainistíochta maidir leis an Speictream Reatha *ar lean*

I dtaca leis seo, agus gan dochar d'obair foirne an tionscadail, rinne ComReg na tuairimí seo a leanas:

- mar gheall ar na buntáistí a bhaineann le sealbhóirí, tá an chúis imní ann, i gcás go leor bandaí speictrim a d'fhéadfadh a bheith inúsáidte sa mhargadh miondíola céanna iartheachtach, gur féidir le seasamh ar an margadh miondíola a ghiaráil ar ais isteach i margaí speictrim (i.e nuair a fhaigheann gnólachtaí sa mhargadh miondíola speictream leis an gcuspóir nó éifeacht de bhac a chur ar iontráil isteach sa mhargadh féideartha);
- mar sin, beidh gá le córas trádála speictream a chinntiú nach mbíonn cearta speictrim comhchruinnithe i mbeagán lámh agus mar sin bheadh a leithéid d'iomaíocht i margaí iarmhartacha srianta go méid suntasach (a bheadh foriata seachas é sin). I dteannta na rialacha ginearálta um dhlí iomaíochta, foráiltear leis an gCreat Rialála Coiteann go bhféadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos d'fhonn cosc a chur ar "clárlach" speictrim, mar shampla trí spriocdhátaí daingne a leagan amach chun feidhm éifeachtach a bhaint as na cearta úsáide atá ag sealbhóir na gceart agus trí phionóis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear pionóis airgeadais nó tarraingt siar na gceart úsáide i gcás neamhchomhlíonadh leis na spriocdhátaí. Áireofar le meicníochtaí eile a d'fhéadfaí úsáid i dtaca leis seo: caidhpeanna speictrim ag ceantanna; rialuithe maidir le haistrithe speictrim; agus bhféidir diúscairtí nó léasanna de chearta speictrim a bhrú;
- ina theannta sin, d'fhéadfadh gur bheag an dreasacht a bheadh ann do shealbhóirí chearta speictrim i mbandaí comhchuibhithe maidir le trádáil le gnólachtaí iomaitheoirí agus taithí thosaigh go dtí seo i ndlínsí eile a sheasann iad sin amach. Gan an ath-scaoileadh tréimhsiúil de chearta speictrim, d'fhéadfadh sé seo a bheith mar chúis le marbhántacht agus d'fhéadfadh sé cumas na mBallstát agus an CE a laghdú maidir le leithdháileadh ollmhór agus athruithe comhchuibhithe a dhéanamh ar bhandaí dá leithéid d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí a eascraíonn as an margadh inmheánach[13];
- Is dócha go mbeidh ról níos tábhachtaí ag trádáil i ndáil leis an athrú úsáide de bhandaí neamh-chomhchuibhithe, nuair a chuirtear in éineacht leis an tsaoirse ar sheirbhís agus ar neodracht teicneolaíochta. Mar sin féin, d'fhéadfadh moill a bheith ar thrádáil de cheadúnais éiginnte fhadsaolacha i mbandaí den sórt sin chomh maith. D'fhéadfadh sé seo teacht chun cinn, mar d'fhéadfadh dreasacht a bheith ag sealbhóirí ceart aonair i mbandaí speictrim den sórt sin a righniú sa chaoi is go bhféadfaidís méadú a chur ar chíos a bhainfidís ó na húsáideoirí nua. Mar thoradh ar an dreasacht seo d'fhéadfadh moilleanna suntasacha teacht ar bhandaí neamh-chomhchuibhithe a bhogadh go húsáidí nua agus níos fearr; agus
- dá réir sin, maidir le bandaí speictream atá comhchuibhithe ag leibhéal an AE, measann ComReg go bhfuil scaoileadh tréimhsiúil speictrim den sórt sin i gcomhréir leis an timthriall mheasta de theicneolaíocht agus d'infheistíocht chomhoiriúnach le haidhmeanna an Chomhchreat Rialála. I dtaca leis seo, tugann ComReg faoi deara go gcinntíonn ath-scaoileadh tréimhsiúil de chearta speictrim nach bhforbrófar aon seasamh daingean a cheadófar dó féin a chothabháil ar feadh tréimhse éiginnte, agus a bheadh neamh-thréscaoilteach ó thaobh gnáthbhrúnna margaidh.

Creideann ComReg go léiríonn taithí thar lear i ndáil le cearta úsáide speictrim go n-athraíonn an chothromaíocht idir cearta maoine nuair a cheadaítear uathchearta athnuachana nó ceadúnais éiginnte le tréimhsí cúlghairme d'fhógra fada agus d'fhéadfadh sé a bheith mar chúis le staid ina mbeidh sé an-deacair don bhainisteoir speictream cur chuige comhchuibhithe a fhorchur maidir leis na bandaí tábhachtacha ar fud an AE.

Mar fhocal scoir, ceapann ComReg gur cheart tábhachtach é trádáil speictrim ar chóir do shealbhóirí cearta speictrim a bheith acu. Ba chóir, i go leor cásanna, go mbeadh sé mar chúis le malartuithe margadh-bhunaithe a mhéadaíonn ní hamháin leas na bpáirtithe chun trádála ach leas na sochaí i gcoitianta. Mar sin féin, ní dócha go dtarlódh gníomhaíocht trádála go minic i ndáil le bandaí an-luachmhara atá comhordaithe ag leibhéal an AE, agus is é minicíocht na trádála an cinneadh a dhéanfaidh sealbhóirí cearta. Ní chreideann ComReg ag an am seo go mbeadh córas trádála laistigh do choincheap de chearta úsáide speictrim in-athnuaite nó fadsaolach, ar mhaithe le leas na sochaí i ndáil le bandaí atá comhordaithe ag leibhéal forleathan an AE. Is dócha go mbeidh cur chuige lárnaithe ar fud an AE ag bandaí dá leithéid, ar féidir a mbonn a bhaint astu le dreasachtaí gnóthais aonair ag athrú má dhíláraítear na bandaí seo do shealbhóirí ceadúnais.

13. Chun na ceisteanna seo faoi na cúinsí seo a shárú, is dealraitheach go bhfuil gá do na sealbhóirí ceart speictrim a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú. D'fhéadfadh comhordú a bheith i go leor foirmeacha. Mar shampla, d'fhéadfaí go mbeidh ar gach sealbhóir cearta speictrim sa bhanda aontú maidir lena sannadh speictream a athrú nó a úsáid chun an athrú leithdháilte agus comhchuibhithe nua seo a éascú. Nó d'fhéadfadh comhlacht aonair ar mian leo speictream a fháil sa bhanda seo iarracht a dhéanamh speictream a cheannach ó na húsáideoirí atá ann faoi láthair d'fhonn úsáid a bhaint as an speictream doh leithdháileadh nua. Nó d'fhéadfadh idirghabhálaithe dul isteach sa mhargadh chun na hathruithe riachtanacha a éascú.

Aithníonn ComReg go bhféadfaidh Ballstáit, faoi fhorálacha an Chomhchreat Rialála, cinneadh a dhéanamh maidir le trádáil thánaisteach a leathnú agus nach n-aithníonn an Coimisiún Eorpach aistriú na gceart chun bandaí speictream eile faoi alt 9b(3) de Threoir an Chreata.

Mar gheall ar ár suíomh geografach agus úsáid measartha íseal den speictream, tá ComReg sásta faoi láthair nach bhfuil ganntanas speictrim go ginearálta in Éirinn seachas i mbandaí a bheidh an Coimisiún Eorpach le sonrú is dócha, agus i gcomhréir le hAlt 9b (3) de Threoir an Chreata. Sna cúinsí sin, is féidir le gnóthais ar mian leo cearta úsáide speictrim a fháil i mbandaí eile iarratas a dhéanamh don ComReg ar bhonn tús freastail ar an cheann is túisce. Is deacair a fheiceáil conas a bheadh margadh tánaisteach inmharthana trádála sna bandaí speictream a éascú. Beidh ComReg, mar sin féin, ag déanamh athbhreithnithe ar an staid agus má mheasann sí go bhfuil gá ann do thrádáil a leathnú nó dá léasú go dtí bandaí seachas iad sin arna sonrú ag an gCoimisiún Eorpach ag am éigin sa todhchaí beidh, déanfaidh sé a amhlaidh. Níl sé beartaithe aige, ag an am seo, aon bhanda eile a shonrú, ina soláthrófar d'aistriú nó léasú de chearta chun speictream raidió a úsáid.

## 4.3 Seasamh ComReg maidir le fad ceadúnais

I gcomhthéacs na gceart úsáide speictrim chun críocha an ECN/ECS, ceanglaítear, leis an gComhchreat Rialála i gcás Ballstáit a bhronnann cearta úsáide speictrim ar feadh tréimhse teoranta, go mbeidh fad an chearta sin iomchuí don tseirbhís lena mbaineann, i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú agus aird chuí á tabhairt ar an ngá do thréimhse iomchuí a cheadú i gcomhar amúchadh infheistíochta.

I dtuairim ComReg, ligeann ceadúnais d'fhad críochta do bhainisteoir speictream an comhordú de na bandaí is tábhachtaí a choimeád gan stró leis toisc:

- go gcinntítear gur féidir le Ballstáit a chur i bhfeidhm aon leithdháileadh ollmhór nó athrú comhchuibhithe a dhéanfaidh an CE sa todhchaí do bhandaí, d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí a eascraíonn ón margadh inmheánach agus chun cosc a chur ar aon mhoill shuntasach ar imscaradh na seirbhísí nua a d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige do leas na dtomhaltóirí; agus
- maolaítear imní ComReg, imní go bhféadfadh ceadúnais éiginnte (nó na ceadúnais sin a dhéantar a athnuachan go huathoibríoch) a bheith mar chúis le hiompar straitéiseach ina mbíonn gnólacht amháin nó níos mó ag comhrac in aghaidh na mbandaí a chomhordú i slí dhifriúil b'fhéidir d'fhonn cuid de na cíosanna níos airde a fháil ó úsáid fhéideartha nua .

Measann ComReg go ndéantar áibhéil ar na hargóintí maidir leis an éiginnteacht a bhaineann le hath-scaoileadh speictrim tréimhsiúil, agus níl siad ar aon dul leis na dreasachtaí eacnamaíoch cosúla de na hoibreoirí sealbhóra atá os comhair cúinsí dá leithéid agus, maidir leis seo is é tuairim ComReg ná go:

- D'fhéadfadh laghdú ar infheistíocht gnólachtaí lasmuigh a mhealladh isteach ar an mbonn gur dealraitheach go gcreideann na gnólachtaí sealbhóra nach bhfuil a gcuid buntáistí suntasacha sealbhóra i ndóthain chun ligean dóibh a iomaitheoirí i gceant a cheantáil;
- ina theannta sin, tá gnólachtaí sealbhóra ag dul in iomaíocht lena chéile ar an margadh miondíola agus d'fhéadfadh aon chaillteanas sa chaighdeán líonra (a eiríonn as neamhinfheistíocht) a iompú go torthaí níos measa ar an margadh miondíola. Dá réir sin, spreagfar go láidir iad chun a gcaighdeán líonra a choinneáil nó dul i mbaol dá gcustaiméirí luachmhara (agus grúpaí custaiméirí a bhfuil an-luach acu ar chaighdeán líonra) a chailliúint; agus
- le ceadúnais éiginnte ní bheadh an dreasacht chéanna ann eagla a bheith ort roimh iontráil nua agus dá bhrí sin thitfeadh rátaí infheistíochta is dócha, nuair a thagann cothromaíocht margadh cobhsaí chun cinn[14].

D'ainneoin, agus mar a léiríodh roimhe seo, ní dhéanfadh ComReg neamhaird dá mba rud é go dtiocfadh fianaise chun solais go raibh tionchar ag forbairt gan choinne ar cheadúnas a raibh cosúil le ceadúnas d'fhad optamach ag am éigin.

## 4.4 Seasamh ComReg maidir le comhoibriú idir oibreoirí gan sreang

Tugann ComReg aird ar an treocht le déanaí i dtreo chomhoibriú méadaithe idir oibreoirí sa ghnó de sholáthar seirbhísí gan sreang/soghluaiste. Tá tiománaithe éagsúla dó seo, lena n-áirítear fonn na n-oibreoirí costais a laghdú agus/nó seirbhís ar chaighdeán níos airde a sholáthar do thomhaltóirí trí úsáid a bhaint as a n-acmhainní le chéile. Tá go leor cineálacha comhoibrithe ann agus beidh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach cineál ag brath ar shaintréithe an chomhoibrithe.

14. Ní dhéanfadh trádáil dochair don staid mhargaidh seo ós rud é nach dtarlódh trádáil (nó léasú fiú amháin) sna bandaí is luachmhaire Tá ComReg den tuairim ag an am sin, gan aird ar dhíol broide, go bhféadfadh nach tarlódh trádáil laistigh de mhargadh mar gheall ar chúiseanna straitéiseacha. Fiú má bhíonn speictream luachmhartá ag gnólacht nach bhfuil úsáid dhian á baint, d'fhéadfadh sé roghnú an seasamh sin a choimeád d'fhonn a bheith in ann freagairt ar fhás san éileamh srl. nach raibh sé ag súil le roimhe sin. Is dócha gur cinneadh do-aisiompaithe é a leithéid de speictream a dhíol lena chéile comhraic agus d'fhéadfadh áiféal a bheith ar an ndíoltóir níos déanaí. Baineann imní dá leithéid le speictream a léasú le céile comhraic fiú má thagann an t-am nuair a aisiompaítear an speictrim chuig an sealbhóir ceadúnais bunaidh.

# 4. Saincheisteanna Bainistíochta maidir leis an Speictream Reatha *ar lean*

Tá ComReg den tuairim gur féidir le roinnt agus comhthiomsú speictrim, i bprionsabal, buntáistí a spreagadh cosúil le costais laghdaithe agus cáilíocht seirbhíse fheabhsaithe. Ag an am céanna, tá ComReg ar an eolas faoi na hábhair imní fhéideartha maidir le beartais rialúcháin, go háirithe maidir le hiomaíocht. Ina theannta sin, ní féidir le ComReg dearbhuithe uilechuimsitheacha a thabhairt go gceadófar roinnt speictrim agus comhaontuithe um chomhthiomsú mar gheall go mbeidh na buntáistí agus na míbhuntáistí a eascraíonn as aon chomhaontú ar leith ag brath ar na saintréithe atá ag an socrú sin agus ag an gcur i bhfeidhm de dhlí iomaíochta agus teileachumarsáide ábhartha maidir leis na saintréithe sin.

É sin ráite, beidh na páirtithe leasmhara ar an eolas go dtarlóidh scrúdú ComReg ar thogra comhoibrithe, ar ndóigh, laistigh de chomhthéacs dá chuid feidhmeanna, cuspóirí agus dualgais reachtúla agus, mar gheall ar seo, ba chóir do pháirtithe leasmhara a bheith ábalta na cineálacha saincheisteanna agus ábhar imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chomhoibriú, a shainaithint dóibh féin. Mar shampla, saincheisteanna agus ábhair imní féideartha, ar nós iad sin a bhaineann le

- shaincheisteanna iomaíochta a eascraíonn as comhoibriú atá beartaithe idir iomaitheoirí iarbhír agus féideartha;
- tionchar na moltaí comhoibrithe ar úsáid éifeachtach speictrim agus bainistíocht speictrim éifeachtach; agus/nó
- cibé an mbeadh níos mó cúitimh ann maidir le haon srian féideartha ar iomaíocht (agus aon mhíbhuntáiste eile) i gcomparáid leis na coigiltis chostais agus sochair eile a chuirfear ar aghaidh chuig tomhaltóirí deiridh.

Ós rud é go mbeidh nádúr agus méid na saincheisteanna den sórt sin ag brath go soiléir ar na saintréithe den chomhoibriú a bheidh beartaithe, ní fhéadtar a thuiscint go bhfuil ag ComReg maidir leis an gceist de chearta speictrim a roinnt (nó a chomhthiomsú) ach is féidir a rá go mbreathnaíonn sé níos fabhraí ar chomhaontuithe nach gcuireann an iomarca srian ar iomaíocht agus a sheachadann buntáistí cruthaithe a fhéadtar roinnt le tomhaltóirí deiridh.

Mar fhocal scoir, tá súil ag ComReg go dtabharfaidh na ceadúnais, a eiseoidh sé, cead do ghnóthas machnamh a dhéanamh faoi aon chineál comhoibrithe ar mian leo a bhreithniú. Is léir, áfach, go mbeidh gá ar ComReg é féin a shásamh nach bhfuil tograí comhoibrithe inlochtaithe ag féachaint dá fheidhmeanna, cuspóirí agus dualgais reachtúla agus go bhfuil na moltaí sin i gcomhréir le dlí iomaíochta.

## 4.5 Seasamh ComReg maidir le húsáid chaidhpeanna speictrim i gcomórtais

I dtaca le ról bainistíochta speictrim ComReg is príomhchuspóir é cur chun cinn na hiomaíochta, maidir le cearta speictrim agus, dá bhrí sin, maidir le margaí iarmhartacha gaolmhara araon.

I gcomórtas speictrim, tá an nádúr agus leibhéal na gcaidhpeanna speictrim mar chúinsí tábhachtacha agus is féidir leo tionchar a bheith acu ar an leibhéal éilimh a d'fhéadfadh cur in iúl don speictream sa chomórtas agus a fhéadfaidh, ina dhiaidh sin, tionchar a bheith acu ar an méid iomaíochta i margadh(í ) iartheachtach(a) ábhartha. Go háirithe, má shocraítear caidhp speictrim ró-docht, d'fhéadfaí cosc a chur ar thairgeoirí speictream leordhóthanach a fháil ar aon dul lena gcuid pleananna gnó agus ag an am céanna, ar an taobh eile, d'fhéadfadh socrú ró-réchúiseach de chaidhp clárlach an speictrim a éascú agus éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar an iomaíocht sna margaí ábhartha lena mbaineann. Mar sin, is bearta tábhachtach iad caidhpeanna speictrim, lena gcinntítear nach ndéantar dochar nó múchadh den iomaíocht leis an bpróiseas ceant féin.

Ar an gcúis sin, leanann ComReg ar aghaidh a bheith i bhfabhar d'úsáid chaidhpeanna speictrim i gceantanna lena gcinntítear go n-úsáidtear ceantanna cearta speictrim chun iomaíocht a chur chun cinn nuair is cuí, ag tabhairt faoi deara go:

- samhlaíonn sé faoi láthair gan caidhpeanna speictrim a úsáid ach i rith comórtais um sannadh speictrim amháin;
- is é an cur chuige ná caidhp speictrim a úsáid i gceant chun cosc a chur go mór ar éifeachtaí díobhálacha ar iomaíocht sa mhargadh[15];
- gan an t-ábhar imní inchosanta a luaitear roimhe sin i ndáil leis an leibhéal iomaíochta i margadh, ní mheasfadh ComReg de ghnáth speictream a choinneáil d'iontrálaithe nua; agus
- Ní stopfadh caidhpeanna speictrim oibreoir ó thuilleadh speictrim a fháil ó oibreoirí eile ar bhonn léas/scaire nó trí dhíolachán (faoi réir na rialuithe gnáth ar iomaíocht agus ar bhainistiú speictrim)..

15. Ina theannta sin, ba chóir go gcinntíonn leibhéal an caidhp speictrim go gcinnfí dáileadh an speictrim tríd an gcomórtas um sannadh speictrim agus ní hordóidh na caidhpeanna speictream an méid speictrim a d'fhéadfadh bronnadh ar thairgeoirí aonair.

# 5 Straitéis Bhainistíochta Speictrim Raidió

Under section 31 of the Ceanglaítear ar ComReg faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 gach dhá bhliain a Ráiteas Straitéise um Cumarsáid Leictreonach a fhoilsiú[16] tar éis comhairliúcháin. Is doiciméad a fhéachann chun tosaigh é an ráiteas straitéise seo, a fheidhmíonn mar chreat oibre chun gníomh ón eagraíocht.

## 5.1 Achoimre ar Fhachtóirí atá ag Spreagadh na Straitéise Bainistíochta Speictrim

Le blianta beaga anuas, tá seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus teileachumarsáide ag teacht le chéile níos sciobtha mar gheall ar na forbairtí tapa sa teicneolaíocht agus i bhfeidhmchláir. Leis na forbairtí seo cruthaíodh éileamh d'ábhar meáin saibhir a sheachadadh le haghaidh réimse éagsúil feidhme, ar fud na líonraí seasta sreinge agus cáblaithe agus, freisin tá éileamh níos mó anois air le haghaidh líonraí soghluaiste gan sreang. Mar thoradh air cruthaíodh timpeallacht ina bhfuil an t-éileamh ar speictream raidió níos mó na riamh agus ní raibh bainistíocht agus úsáid éifeachtach den speictream raidió riamh chomh tábhachtach agus a bhfuil sé anois. Is iad na ceithre príomhfhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar straitéisí maidir le bainistíocht an speictrim raidió ná Treochtaí Tomhaltóirí, Forbairtí Coisc, Teicneolaíochtaí Cumasaithe agus Beartas agus Comhchuibhiú Cumasaithe.

### 5.1.1 Treochtaí Tomhaltóirí

Tá an coincheap de líonra soghluaiste uileláithreach ag éirí níos fíre do na hoibreoirí líonraí agus tá éileamh tomhaltóra ar rochtain ó aon fheiste i ngach áit á tiomáint. Feictear an treocht seo leis an iomadú fón cliste, netbook agus gléasanna tomhaltóirí le cumas gan sreang (ceamaraí, consóil chluiche srl.) a chuireann go léir le tuilleadh éilimh a chur ar croílíonraí agus líonraí rochtana na n-oibreoirí. Thairis sin, leis an treocht i dtreo leibhéil mhéadaithe d'ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí teileafónaíochta físeán cuirtear brú breise ar chumas uasnaisc agus bhféidir go mbeidh ar oibreoirí smaoineamh arís faoi a leithéid d'fhoirmíochtaí. Is dúshlán d'oibreoirí é an t-éileamh atá ag dul i méid mar tá orthu an-acmhainneacht líonra fhoriomlán a mhéadú chomh maith le foráil do mhéaduithe suntasacha ar aisiompar d'fhonn seirbhís d'ardchaighdeán a chinntiú do thomhaltóirí.

### 5.1.2 Forbairtí Coisc

De réir mar a mhéadaíonn éileamh na dtomhaltóirí ar sheirbhísí cumarsáide gan sreang agus éileamh d'ábhar meáin saibhir, ardaíonn an riosca de tuilleadh brú tráchta líonra. Is coscaire suntasach é seo a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaighdeán an taithí úsáideora agus an do ghlacadh iardain na seirbhísí. D'fhonn an riosca seo a mhaolú, tá gá le hacmhainní speictrim breise a scaoileadh nó a athfheirmiú agus le hinfheistíocht leanúnach ó oibreoirí ina gcuid líonraí i dtéarmaí scála (níos mó aisiompair a imscaradh agus níos mó cumais uasnaisc a chumrú) agus ó thaobh nuálaíochta de (trí theicneolaíochtaí líonra atá níos éifeachtaí ó thaobh speictrim a úsáid).

16. ComReg 10/47 - Ráiteas Straitéise ComReg 2010-2012 - 1 Iúil 2010.

# 5 Straitéis Bhainistíochta Speictrim Raidió *ar lean*

Is é an réiteach is fearr le haghaidh plódú líonra a réiteach ná tuilleadh infheistíochta a chur isteach i snáithín le haghaidh aisiompair I go leor réimsí, is féidir leis an eacnamaíocht, topagrafaíocht áitiúil, nó le tráthúlacht rogha dúshlánach a dhéanamh de seo. I gcásanna den sórt sin, beidh oibreoirí ag brath ar naisc micreathonnach mar rogha éifeachtach ó thaobh costais a fhéadfaidh brú breise a chur ar acmhainní speictrim teoranta.

D'fhéadfadh an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha tionchar tromchúiseach coisctheach a bheith aige sna blianta amach romhainn mar d'fhéadfadh tionchar a bheith ag meon diúltach margadh ar chinntí infheistíochta. Tá rochtain ar chaipiteal, idir phoiblí agus phríobháideach baint leis, ina bagairt ionchasach ar infheistíocht sna líonraí chun go mbeidh gá lea theastaíonn freagra polasaí cuí eacnamaíochta uaidh Tugtar aird ar leith ar an gClár don Rialtas[17] agus na ráitis atá ann maidir le hinfheistíocht bhonneagair.

### 5.1.3 Teicneolaíochtaí Cumasaithe

Ag teacht chun cinn anois tá feabhsúcháin ar teicneolaíocht líonra lena n-éascaítear úsáid níos éifeachtúla agus níos nuálaí den speictream raidió, cosúil leis an éabhlóid ó HSPA go HSPA + agus LTE, agus teicnící cognaíocha nó úsáid a bhaint as 'spásanna bána'. I measc fachtóirí teicneolaíochta eile tá iad siúd a laghdódh éileamh ar chumas líonra agus speictrim, mar shampla an réiteach a úsáidtear faoi láthair de dhíluchtú tráchta ar líonraí Wi-Fi nuair is féidir, agus sa todhchaí, trácht a dhíluchtú as-luchtú ar fheimtchealla ar nó ar phicea-chealla. Ar an taobh eile, cuirfidh an fás ar chumarsáid mheaisín-go-meaisín (M2M) lena n-áirítear feidhmeanna shainaithint radaiminicíochta (RFID) brú ar an acmhainn speictrim. Beidh gá le réitigh teicneolaíochta a bheith níos inniúla ó thaobh speictrim a roinnt go héifeachtach idir úsáideoirí díchosúla.

### 5.1.4 Beartas agus Comhchuibhiú Cumasaithe

De réir a chéile tá ról níos mó ag breithnithe Eorpacha i bpolasaí bainistíochta speictrim. Tá bandaí speictrim a bhfuil an éileamh is mó ann orthu (go háirithe an 800 MHz, 900 MHz, 1800 MHz, 2600 MHz, agus 3600 MHz) anois faoi réir cinntí comhchuibhithe an CE trí chomhlachtaí éagsúla lena n-áirítear an CEPT le haghaidh saincheisteanna teicniúla, an Grúpa Beartais Speictrim Raidió ( RSPG) a thugann comhairle don CE maidir le saincheisteanna beartais speictrim agus an Speictrim Raidió agus na coistí Cumarsáide a chuideoidh leis an CE i bhforbairt na gcinntí. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh Éire lena rannpháirtíocht ghníomhach laistigh de na grúpaí seo chun tionchar a bheith aici ar fhorbairt bheartas bainistíochta speictrim comhchuibhithe.

Ba chóir go mbeadh cur chuige "margadh-bhunaithe" maidir le bainistíocht speictrim, nuair is cuí, mar chúis le húsáid speictrim níos éifeachtaí, go háirithe nuair a chomhcheanglaítear é le tabhairt isteach na dtionscnamh ag leibhéal an bheartais ar nós roinnt speictrim, bonneagar/líonra a roinnt agus trádáil speictrim. Éascóidh ComReg tabhairt isteach na dtionscnamh seo sna blianta atá romhainn, nuair a mheastar a bheith go bhfuil tairbhe ag baint leo agus go bhfuil siad fónta ó thaobh an dlí agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfuil bearta cosanta leordhóthanacha i bhfeidhm chun a áirithiú go leanfar le hiomaíocht éifeachtach.

## 5.2 Straitéis Bhainistíochta Speictrim a Thacaíonn le Spriocanna Ardleibhéil ComReg

Chun cuidiú le spriocanna ardleibhéil ComReg a bhaint amach agus ag féachaint do threochtaí tionscail atá ag teacht chun cinn agus an riachtanas atá ann do bhainistiú speictrim raidió níos éifeachtaí, d'fhorbair ComReg na straitéisí bainistíochta speictrim raidió seo a leanas. Leis na straitéisí leathana seo tugtar tacaíocht do straitéis ComReg do sheirbhísí raidió sainiúla arna sonrú i gCaibidil 6.

17. Féach - http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf

## Misean

Is é misean ComReg iomaíocht a chur chun cinn, nuálaíocht a chothú agus cosaint chuí a chur ar fáil, ar mhaithe le gach úsáideoir de sheirbhísí cumarsáide

## Spriocanna Ardleibhéil

### Tomhaltóirí

- Eolas, cumhacht agus cosaint a thabhairt do thomhaltóirí, idir cónaithe agus gnó.
- Infhaighteacht seirbhís teileachumarsáide uilíoch a chinntiú.

### Iomaíochas

- Rochtain agus infheistíocht a spreagadh i líonraí leathanbhanda ardluais trí iomaíocht tras-ardáin.
- Rialáil mhórdhíola éifeachtach agus oiriúnach a úsáid chun deiseanna le haghaidh iomaíochais dhinimiciúil agus inbhuanaithe a chruthú.

### Nuálaíocht

- Nuálaíocht a chur chun cinn trí chreat rialála intuartha a thacaíonn le hinfheistíocht i mbonneagar cumarsáide agus seirbhísí, ar mhaithe leis an ngeilleagair digiteach.

### Eagraíocht

- A bheith ina eagraíocht nuálaíoch, an-éifeachtach, a bhfuil mar lárionad barr feabhais aitheanta agus a mbíonn páirt iomlán aige maidir le forbairt thionscal cumarsáide iomaíoch a mhúnlú.

## Speictream Bainistíocht Tosaíochtaí

- Rogha tomhaltóra agus rochtain a thiomáint trí bhainistíocht éifeachtach agus úsáid de speictream minicíochta raidió náisiúnta
- Smaoinigh faoin ról de speictream raidió chun freastal ar riachtanais náisiúnta do Sheirbhís Teileachumarsáide Uilíoch

- Scaoileadh éifeachtach den speictream raidió a chinntiú ag baint úsáide as meicníochtaí atá neodrach ó thaobh teicneolaíocht- agus seirbhís, agus rochtain sholúbtha agus bainistiú na n-acmhainní a chinntiú
- A chinntiú go n-úsáidtear speictream chun iomaíocht a chur chun cinn agus nach mí-úsáidtear é chun srian a chur ar iomaíocht nó é a dhíchumadh

- Leanúint ar aghaidh ag cur Éire chun cinn mar ionad barr feabhais do thaighde agus nuálaíocht sa réimse speictrim
- Teicnící, seirbhísí agus feidhmeanna bunaithe ar speictream nua a éascú
- Cur le´díbhinn digiteach´ na hÉireann agus an banda speictream raidió luachmhar seo a chur ar fáil chomh luath agus is féidir é seo a leanas i ndiaidh an Mhúchta Analógaigh
- Nuálaíocht agus aistriú eolais a chur chun cinn trí dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta a roinnt
- Infheistíocht a chur chun cinn trí cinnteacht rialála agus socruithe ceadúnaithe cuí a chur ar fáil

- A bheith ina eagraíocht éifeachtach, nuálach agus solúbtha leis na córais, struchtúir agus scileanna cuí maidir le bainistíocht speictrim éifeachtach
- Feabhas leanúnach feidhmíochta agus dea-chleachtas a chinntiú trí thagarmharcáil i gcoinne caighdeáin idirnáisiúnta maidir lenár bpróisis agus nósanna imeachta um Bainistíocht Speictrim
- Leanúint ar aghaidh mar ionad sármhaitheasa maidir le bainistiú speictrim ag soláthar rialála cliste, éifeachtach agus comhsheasmhaí

# 5 Straitéis Bhainistíochta Speictrim Raidió *ar lean*

### 5.2.1 Cuspóirí Straitéiseacha a Thacaíonn Spriocanna Ardleibhéil ComReg

*Tomhaltóirí:*

- an speictream a chur ar fáil ar bhealach tráthúil chun seirbhísí nua agus iomaíocha gan sreang a éascú;
- bearta a fhiosrú agus a leanúint chun aghaidh a thabhairt ar thrasnaíocht raidió agus úsáid neamhcheadúnaithe an speictrim, agus chun cearta úsáide de speictream raidió a fhorfheidhmiú;
- aird a thabhairt ar obair an Phainéal Chomhairligh do Thomhaltóirí (CAP); agus
- tacaíocht theicniúil agus suirbhéanna a sholáthar chun a chinntiú go gcomhlíonann trealamh agus feistí teirminéil na caighdeáin agus na riachtanais arna leagan amach i reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an AE.

*Iomaíochas:*

- léirscaoileadh iomlán de bandaí GSM i gcomhréir le cuspóirí reachtúla agus Reachtaíocht Eorpach;
- speictream cuí a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí leathanbhanda cuí ag teacht leis an Straitéis um Bhainistiú Speictrim;
- athbhreithniú a dhéanamh agus dul i gcomhairle maidir le húsáid atá ann cheana féin de chearta speictrim roimh dhul in éag cheadúnais, d'fhonn úsáid níos solúbtha den speictream a éascú;
- reachtaíocht thánaisteach tacaíochta, an Plean Minicíochta Raidió d'Éirinn agus treoirlínte, a fhoilsiú agus/nó a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;
- na prionsabail WAPECS[18] a bhaineann le neodracht teicneolaíochta agus seirbhíse sa Straitéis Bainistíochta Speictrim a chur i bhfeidhm, agus, nuair is cuí, speictream a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí gan sreang;
- ceanglais chomhchuibhithe speictream a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach i reachtaíocht agus treoirlínte na hEorpa;
- meicníochtaí iomaíocha cuí a chur i bhfeidhm, amhail ceantanna, nuair a chuirtear speictream ar fáil mar fhreagra ar éileamh margaidh; agus
- an scóip a scrúdú maidir le díolúintí cheadúnais a leathnú, nuair is cuí.

*Nuálaíocht:*

- Tástála agus Trialach Éireann a chur chun cinn d'úsáideoirí speictream, nuálaithe teicneolaíochta, fiontraithe agus taighdeoirí;
- Tástála agus Trialach Éireann a chur chun cinn trí dhul i ngleic le gníomhaireachtaí forbartha ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí infheistíochta isteach;
- bhforbairtí nua agus forbairtí atá ag teacht chun cinn i dteicnící radióchumarsáide a chur san áireamh sa Straitéis Bainistíochta Speictrim foriomlán;
- idirchaidreamh a dhéanamh le monaróirí, taighdeoirí, comhlachtaí um beartas idirnáisiúnta agus príomhúsáideoirí speictrim chun léargais a fhorbairt maidir le conas is féidir le radióchumarsáid a fhabhrú, agus chun eolas a thabhairt don cheapadh beartais rialála;
- buntacú le tiomantas ComReg don nuálaíocht trí scaoileadh tráthúil de speictream nua i gcomhréir leis an Straitéis Speictrim foriomlán Bainistíochta;
- dul i dteagmháil leis an BAI agus RTÉ maidir le riachtanais speictrim agus feidhmeanna um chomhordú iomlán speictream chun aistriú go Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) agus go múchadh analógach (ASO) a éascú faoi Ráithe 4 2012;
- dul i dteagmháil leis an nGrúpa um Athrú go Digiteach a bhunaigh an tAire DCENR agus cur le Grúpa Idir-Rialtais na hÉireann/na Ríochta Aontaithe ar DTT/ASO agus fóraim ábhartha eile d'fhonn ASO a éascú faoi Ráithe 4 2012;
- táirge tionscail agus forbairt seirbhíse a éascú trí thionscnaimh ar nós fóraim agus seisiúin faisnéisithe tionscal a reáchtáil; agus
- tacaíocht a thabhairt don DCEMR maidir lena chur i bhfeidhm den Bheartas Náisiúnta Leathanbhanda.

18. Beartas Rochtana gan Sreang do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí

*Eagraíocht:*

- leanúint ar aghaidh ag dul i gcomhairle go rialta, go forleathan agus go cuí maidir le saincheisteanna bainistíochta speictrim chun eolas a fháil don phróiseas cinnteoireachta;
- caidrimh le geallsealbhóirí ComReg a bharrfheabhsú ar mhaithe leis na tomhaltóirí agus le leas an náisiúin nuair atá úsáid speictrim á chomhchuibhiú agus á chomhordú;
- páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim chun eolas a thabhairt agus tionchar a bheith ag ComReg ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na mbeartas rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar bhainistíocht speictrim;
- a chinntiú go gcomhlíonfar na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le húsáid minicíochta agus caighdeáin theicniúla mar riachtanas do rochtain ar speictream, nuair is cuí agus is gá;
- leanúint le reachtaíocht a fhorfheidhmiú, coinneáil le agus feabhas a chur ar pholasaithe agus ar chleachtais reatha a bhaineann le húsáid neamhúdaraithe an speictrim agus neamh-chomhlíonadh le coinníollacha ceadúnais a fheabhsú, lena gcinntítear go:
    - go leantar le craoltóirí agus oibreoirí gan cheadúnas a ionchúiseamh faoi reachtaíocht na Raidió-Theileagrafaíochta le cosc a chur ar thrasnaíocht ar cheadúnaithe;
    - go ndéantar monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ceadúnais agus go ndéantar ceadúnais a aisghairm má aimsítear sáruithe tromchúiseacha
    - go leantar le faireachas an mhargaidh agus go leantar le comhoibriú le NRAnna eile i ndáil le táirgí R&TTE chun na críche de tháirgí nach bhfuil ag cloí a bhaint ón margadh.
    - Go leantar le faireachas agus le comhoibriú margaidh le NRAnna eile i ndáil le táirgí atá laistigh de scóip Threoir an EMC d'fhonn táirgí neamhchomhlíonta a bhaint ón margadh.
- leanúint ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh do sheasamh na hÉireann maidir le gach seirbhís raidió sna fóraim ábhartha, ag leibhéal réigiúnach (Eorpach, mar shampla, an AE agus CEPT) agus an leibhéal domhanda araon (an ITU);
- leanúint ar aghaidh le tionchar a bheith againn ar fhorbairtí dlíthiúla agus rialála na hEorpa maidir le beartas speictrim d'fhonn a chinntiú go bhfuil sárleasanna na hÉireann á gcur chun cinn agus á gcosaint, agus go bhfuil:
    - an chothromaíocht cheart á bhaint amach sa bhfealsúnacht agus i gcleachtas na bainistíochta speictrim idir na hearnálacha éagsúla;
    - solúbthacht dóthanach á bhaint amach chun a chinntiú nach dteorannaítear go neamhriachtanach tionscadail na bainistíochta speictrim amach anseo; agus
    - réimse leathan d'uirlisí bainistíochta speictrim á gcur ar fáil ionas go bhféadtar dea-chleachtas i mbainistíocht speictrim á bhaint amach;
- eolas a fháil d'éifeachtacht nós imeachta trí fhoghlaim ó NRAnna aitheanta, ón bPainéal Comhairleach Saineolaithe Cumarsáide Leictreonaí (ECEAP) agus comhlachtaí tionscail;
- roinnt eolais agus saineolais a chur chun cinn tríd an gClár a Fhéachann chun Tosaigh agus tríd eolas faoin margadh;
- feidhmíocht a thagarmharcáil i gcoinne caighdeán idirnáisiúnta chun feidhmíocht a thomhas, bearnaí a shainaithint agus coinneáil le dea-chleachtas i mbainistíocht speictrim; agus
- leanúint ar aghaidh ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir le húsáid éifeachtach d' acmhainn speictream raidió na hÉireann a chinntiú.

# 6. Straitéis do Sheirbhísí Raidió Sonracha

Tá speictream raidió ar fáil do sholáthar seirbhísí agus líonraí cumarsáide éagsúla. Ina measc seo áirítear líonraí tarchurtha raidió, seirbhísí rochtana poiblí (ar nós líonraí teileafónaíochta soghluaiste agus rochtain leathanbhanda) chomh maith le córais raidió loingseoireachta, raidió gnó, raidió loinge, raidió amaitéireach, trealamh agus táirgí tomhaltóra atá á n-usáid sa tionscal, sa leigheas agus sa tráchtáil. Ina theannta sin, ciallaíonn nádúr an speictrim go bhfuil páirteanna áirithe den speictream níos oiriúnaí do chuspóirí áirithe ná mar atá páirteanna eile.

Sa mhír seo tugtar cur síos ar straitéis bainistíochta speictrim de chuid ComReg do gach seirbhís raidió.

## 6.1 Seirbhísí Soghluaiste Poiblí

Tá Seirbhísí Soghluaiste Poiblí fós ina cuid an-tábhachtach d'Earnáil Teileachumarsáide na hÉireann. I dtuarascáil ráithiúil ComReg[19] léirítear go raibh 5,377,188 síntiúis soghluaiste in Éirinn (lena n-áirítear suibscríbhinní Leathanbhanda Soghluaiste)ag deireadh Meitheamh 2011, agus b'ionann an treá agus 117.4% lena n-áirítear Leathanbhanda Soghluaiste agus 104.6% gan Leathanbhanda Soghluaiste san áireamh.

Is cosúil gurb iad na feidhmiúcháin sonraí nua atá níos tapúla a bheidh mar na príomhthiománaithe d'éileamh ar speictream soghluaiste poiblí, mar shampla seachadadh ábhar closamhairc chuig fóin phóca, rochtain ardluais ar an idirlíon nó ar inlíonta corparáideacha agus soláthar leathanbhanda soghluaiste uileláithreach ar fud na hÉireann

### 6.1.1 Straitéis ComReg um Sheirbhísí Soghluaiste Poiblí

#### Na Bandaí Speictrim 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz

Maidir le seirbhísí soghluaiste poiblí is í an tosaíocht is airde de ComReg ná todhchaí na mbandaí 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz a thabhairt chun críche.

Is tasc breise é breithniú faoi thorthaí staidéir a roinnt idir na seirbhísí soghluaiste agus seirbhísí eile sa bhanda 790-862 MHz i Réigiúin 1 agus i Réigiúin 3, chun cosaint leordhóthanach na seirbhísí a chinntiú a leithdháiltear an bhanda minicíochta dó, faoi mhír 1.17 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

#### An Banda 2.6 GHz (2500-2690 MHz)

Tá ComReg ag breithniú go cúramach ar an réimse leathan de thuairimí a fuarthas mar fhreagra ar a nglaoch le haghaidh ionchur[20] maidir le todhchaí an banda 2.6 GHz agus d'fhoilsigh sé comhairliúchán le déanaí[21] faoi úsáid an bhanda seo sa todhchaí. Sa chomhairliúchán seo cuireadh san áireamh cearta an cheadúnaí/na ceadúnaithe reatha chomh maith leis an ionchur a fuarthas go dtí seo a mheas[22].

Ina theannta sin tá sé beartaithe ag ComReg:

- monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí na suirbhéanna maidir le caighdeán seirbhíse agus iad a fhoilsiú lena chinntiú go gcomhlíonfar coinníollacha ceadúnais;
- leanúint ar aghaidh lena rannpháirtíocht i bhfóraim Eorpacha is cuí critéir rannpháirtiú iomchuí a fhorbairt idir úsáideoirí féideartha éagsúla de theicneolaíochtaí suimiúla nó éagsúla;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid sa todhchaí agus ceadúnú de na bandaí 400 MHz agus 900 MHz atá ceadúnaithe le haghaidh Seirbhísí Sonraí Soghluaiste Digiteacha Leathanbhanda, lena dtugtar faoi deara an dul in éag de na ceadúnais sin i mí na Nollag 2015; agus
- freastal ar riachtanais le haghaidh trialacha ar theicneolaíochtaí gan sreang lena dtugtar faoi deara go laghdófar an infhaighteacht ar speictream oiriúnach chun críocha tástála agus trialach de réir mar a thugtar ceadúnas do thuilleadh speictrim.

19. ComReg 11/66 - Irish Communications Market: Key Data Report – Q2 2011 (Cuid 4) – 14 Meán Fómhair 2011.
20. ComReg 10/38 - Fógra Eolais - Glao ar ionchur maidir le húsáidí féideartha agus roghanna ceadúnaithe den bhanda speictrim 2.6 GHz -14 ú Bealtaine 2010
21. ComReg 11/80 - Comhairliúchán - Todhchaí an bhanda speictrim raidió 2.6 GHz - 2 Samhain, 2011
Féach freisin ar ComReg 11/80a - Tuarascáil Chomhairleora - Todhchaí an bhanda speictrim raidió 2.6 GHz - 2 Samhain, 2011
22. ComReg 10/58s - Fógra Eolais - Glao ar ionchur maidir le húsáidí féideartha agus roghanna ceadúnaithe den bhanda speictrim 2.6 GHz -27 ú Iúil 2010

## 6.2 Seirbhísí Craolacháin

Is mór-úsáideoir den speictream raidió-mhinicíochta í Craoltóireacht. Mar a tuairiscíodh i tuarascáil ráithiúil ComReg, tá beagnach 1.59 milliún teaghlach in Éirinn a bhfuil teilifís acu, arb ionann é agus ráta treá de 97% de líon iomlán na dteaghlach.

ISoláthraíonn RTÉ, an craoltóir seirbhíse poiblí arna bhunú faoin Acht um Údarás Craolacháin 1960, (arna leasú) seirbhísí raidió agus teilifíse náisiúnta. Is é an Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), arna bunú faoin Acht Craolacháin 2009, atá freagrach as an t-údarú do sheirbhísí craolacháin Éireannach seachas iad siúd a bhforáiltear ag RTÉ. Tá an BAI freagrach freisin as rialáil na ábhar craolta laistigh d'Éirinn. Tá ComReg freagrach as minicíochtaí raidió a leithdháileadh, a shannadh, agus a cheadúnú na faoi na hAchtanna Craolacháin éagsúla agus leanann sé ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar leis an BAI agus RTÉ araon maidir le sannadh an speictream raidió chun a chinntiú go mbainfí úsáid éifeachtach as an bpríomhacmhainn nádúrtha seo.

### 6.2.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Craolacháin

Is í an straitéis chraoltóireachta a bheidh ag ComReg don tréimhse 2011 – 2013 ná:

- cur i bhfeidhm de DTT i mBandaí UHF IV agus V níos lú ná 790 MHz a éascú;
- múchadh analógach (ASO) i mí Dheireadh Fómhair 2012 a éascú;
- a chinntiú go bhfuil an banda 790 MHz go 862 MHz glan ó sheirbhísí craolacháin agus go bhfuil sé ar fáil le haghaidh úsáide neamh-chraolacháin i ndiaidh ASO;
- smaoineamh faoi thorthaí staidéir a roinnt idir na seirbhísí soghluaiste agus seirbhísí eile sa bhanda 790-862 MHz sna Réigiúin 1 agus 3, chun cosaint leordhóthanach de na seirbhísí a chinntiú, a leithdháiltear don bhanda minicíochta seo faoi mhír 1.17 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann;
- Monatóireacht a dhéanamh ar theicnicí modhnúcháin dhigití, a bhfuil an acmhainneacht acu a seirbhísí craoltóireachta d'ardchaighdeán chur in áit na seirbhíse analóige sna bannaí craoltóireachta Rí-Ardmhinicíochta (VHF), gearrthoinne, meánthoinne agus fadthoinne
- scrúdú a dhéanamh ar an struchtúr táille ceadúnais atá ann faoi láthair do na seirbhísí craolacháin go léir (tráchtála, pobail agus poiblí), idir raidió agus teilifíse d'fhonn a aimsiú cibé an bhfuil na táillí ceadúnais ar aon dul le cuspóirí reachtúla ComReg agus má bhíonn aon ghá le hathruithe; agus
- comhlíonadh an oibreora atá ann faoi láthair a chinntiú agus seirbhísí údaraithe a chosaint ó úsáid mhídhleathach speictrim.

## 6.3 Na Seirbhísí Seasta Trastíre

Úsáidtear na bandaí atá os cionn 1 GHz, a dtagraítear dóibh go minic mar bhannaí micreathoinne, go príomha do naisc pointe-go-pointe seasta nó naisc pointe-go- ilphointe ('Naisc Sheasta'). Úsáidtear Naisc Seasta go coitianta le haghaidh soláthar naisc bandaleithid ard idir dhá phointe seasta agus, i gcásanna áirithe, is féidir le Naisc Seasta rogha eacnamaíoch eile a chur ar fáil do snáithín optúil agus línte ar léas. Tá éagsúlacht mhór d'úsáideoirí Naisc Seasta in Éirinn, lena n-áirítear oibreoirí seasta agus soghluaiste, craoltóirí, fóntais phoiblí agus na seirbhísí éigeandála. Tá níos mó ná 11,000 ceadúnas Nasc Seasta in Éirinn.

Agus ag breithniú faoi cad iad na bandaí nua atá le hoscailt le haghaidh soláthar seirbhísí nasc seasta, glacfaidh ComReg na prionsabail seo a leanas:

- do bhanda nua a oscailt, ba cheart dó a bheith scaoilte i mBallstáit eile den AE agus ba cheart go mbeadh plean banda ERC/ECC nó ITU-R aige;
- nuair a osclaítear bhanda nua, ba chóir é seo a dhéanamh ar bhealach a éascaíonn ceadúnú naisc aonair chomh maith le ceadúnais bloic náisiúnta, ag an am agus mura fhéadtar é seo a dhéanamh ag dáta éigin amach anseo; agus
- nuair a osclaítear bhanda nua, ba chóir breithniú faoi bhandaleithid chainéil de 56 MHz .

### 6.3.1 Straitéis ComReg maidir le seirbhísí seasta trastíre:

Is é infreastruchtúr snáithín fós an t-ardán is oiriúnaí le haghaidh idirnascadh na nóid ardchumas agus chun na modhanna is éifeachtaí a sholáthar chun cumas a sheachadadh do sheirbhísí leathanbhanda atá ag teacht chun cinn. Mar sin féin, aithnítear sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma gur féidir le Naisc Seasta forbairt luath d'infreastruchtúr agus iomaíocht i soláthar ECS a éascú, go háirithe i gceantair tuaithe. Maidir leis sin, is í an straitéis atá ag ComReg sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma úsáid naisc sheasta d'fhorbairt iomaíochais agus infreastruchtúir a spreagadh, chun an leas is fearr agus is féidir a fháil do gach ceadúnaí, agus go háirithe d'iontrálaithe nua sa mhargadh. De réir mar a fhorbraíonn líonraí agus de réir mar a fhásann brú tráchta sna bandaí Naisc Sheasta, is í an straitéis a bheidh ann ná ceadúnaithe Nasc Seasta bunaithe a spreagadh chun aistriú go dtí bonneagair snáithín-bhunaithe.

# 6. Straitéis do Sheirbhísí Raidió Sonracha *ar lean*

Áirítear leis an straitéis ComReg um sheirbhísí seasta trastíre:

- suirbhé a déanamh chun taithí na gceadúnaithe a thomhas d'fhonn athbhreithniú ar na treoirlínte innealtóireachta reatha. Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht de chainéil bandaleithead 56 MHz a dhéanamh ar fáil i mbandaí reatha agus i mbannaí naisc seasta nua agus scrúdú a dhéanamh ar an 26 GHz atá ann faoi láthair d'fhonn réiteach a fháil ar na saincheisteanna a ardaíodh maidir leis an mbanda 26 GHz;
- dépholarú éigeantach a chur i bhfeidhm do gach iarratas nua ar nasc seasta ina bhfuil gá le níos mó ná nasc amháin ar an gcosán céanna ón 1 Deireadh Fómhair 2012;
- Tus áite a thabhairt d'oscailt an banda naisc sheasta de 28 GHz agus 31/32 GHz ag teacht le prionsabail ComReg, faoi réir ghnáthnósanna imeachta comhairliúcháin ComReg;
- mar thosaíocht tánaisteach í oscailt an banda naisc sheasta de 40 GHz ag teacht le prionsabail ComReg, faoi réir ghnáthnósanna imeachta comhairliúcháin ComReg;
- leanúint ar aghaidh ag spreagadh ceadúnaithe chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí agus scéimeanna modhnúcháin níos airde i gcomhréir lena chinntiú úsáid éifeachtach an speictrim, lena n-áirítear úsáid de Chód Oiriúnaitheach Modhnúcháin; agus
- i ndiaidh réiteach saincheisteanna teicniúla maidir le húsáid an bhanda 26 GHz, breithniú faoi scaoileadh speictrim bhreise sa bhanda seo.

## 6.4 Seirbhísí Leathanbhanda Gan Sreang

Tagraíonn Seirbhísí Leathanbhanda gan Sreang (WBS) do sheachadadh seirbhísí rochtain leathanbhanda trí líonraí gan sreang trastíre d'usáideoirí tí nó d'úsáideoirí gnó (ar a dtugtar Rochtain gan Sreang Leathanbhanda). Go traidisiúnta, is é WBS a sholáthraíonn an mhalairt do réitigh sreinge ar nós líne dhigiteach rannpháirtí (DSL) nó cábla, ag soláthar iomaíochas d'oibreoirí atá ann faoi láthair agus ag leathnú rochtain leathanbhanda 'an mhíle deiridh' chuig ceantair nach bhfuil réitigh sreinge inmharthana go teicniúil ná go heacnamaíoch. Tá an úsáid traidisiúnta seo den WBS á comhlánú anois i roinnt bandaí speictrim trí shoghluaisteacht a thairiscint ag teacht le gníomhaíochtaí Chomhchuibhite an CE.

### 6.4.1 Straitéis ComReg maidir le seirbhísí Leathanbhanda gan Sreang

Áirítear leis an straitéis Com Reg don tréimhse seo:

- an creat reachtaíochta a thabhairt chun críche d'fhonn soghluaisteacht a thabhairt isteach sa bhanda 3.6 GHz agus chun na hathruithe iardain ar an gcód cleachtais reatha a dhéanamh maidir le comhordú minicíochta teaghlaigh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim FWALA ag deireadh na tréimhse straitéise seo;
- fóram FWALA a thabhairt chun críche; agus
- tar éis dul in éag de cheadúnais idirthréimhseacha de chuid Eircom sa bhanda 3.6 GHz, an speictream go léir atá ar fáil sa bhanda a scaoileadh lena n-áirítear bandaí garda cuí.

## 6.5 Seirbhísí Díolmhaithe Ceadúnais agus Feistí Gearr-Réimse

I measc na gcóras raidió is forleithne in Éirinn tá na Feistí Gearr-Réimse (SRDanna). Tá raon minicíochtaí éagsúla sa speictream raidió, ó minicíochtaí an-íseal (kHz) go ardmhinicíochtaí breise (GHz) á n-áitiú ag SRDanna. Mar gheall ar a gcumhacht íseal agus úsáid logánta, meastar go ginearálta go bhfuil cumas trasnaíochta íseal ag SRDanna. Dá bhrí sin, go ginearálta tá siad díolmhaithe ón riachtanas de cheadúnais raidió aonair faoi réir srianta teicniúla áirithe-mar shampla, feidhmítear iad i mbandaí minicíochta atá roinnte le húsáideoirí agus le seirbhísí eile ar bhonn neamhthrasnaíochta agus ar bhonn neamhchosanta.

In Éirinn, tá SRDanna díolmhaithe ó cheadúnais faoi réir critéir theicniúla áirithe a comhlíonadh ar nós uasleibhéil cumhachta agus caighdeáin thagartha. Leagtar amach na critéir theicniúla d'fheidhmiú na SRDanna in Éirinn sa Doiciméad ComReg 02/71R[23] (arna shainaithint in I.R. Uimh. 405 de 2002[24]). Ina theannta sin, ceanglaítear ar gach SRD a chuirfear ar an margadh cloí leis an Treoir R&TTE[25].

### 6.5.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Díolmhaithe Ceadúnais agus Feistí Gearr-Réimse

Áirítear i straitéis ComReg do sheirbhísí eolaíochta ar feadh tréimhse na straitéise seo:

- leanúint ar aghaidh le tabhairt isteach SRDanna nua go hÉirinn a éascú trí speictream a chuir ar fáil nuair is féidir, ag brath ar éileamh agus inmharthanacht teicniúil. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach chuirfear speictream breise ar fáil d'iarratais SRD ach amháin nuair a mbíonn gá soiléir agus inléirithe dó;

23. ComReg 02/71R5 - "Permitted Short Range Devices in Ireland" - athbhreithniú deireanach arna fhoilsiú an 23 Nollaig 2010.
24. I.R. Uimh 405 de 2002 - An tOrdú um an Acht Radio-Thelegrafaíochta, 1926 (Alt 3) (Díolúine Feistí Gearr-Réimse) - 30 Iúil, 2002
25. An Treoir um Trealamh Teirminéil Raidió agus Teileachumarsáide, ar féidir tuilleadh eolais a fháil faoi ar: http://ec.europa.eu/enterprise/sectors/rtte/index_en.htm

- nuashonruithe rialta a chur ar fáil, de réir mar is gá, Doiciméad ComReg 02/71R. Chomh maith leis an tabhairt isteach d'iarratais SRD nua nó leasuithe rialála ar an doiciméad, cinnteoidh ComReg nach sainítear ach amháin na híosriachtanais, agus más cuí, go mbaintear na srianta ar fheidhm ar leith d'úsáid speictrim
- leanúint le cur i bhfeidhm Chinneadh ón gCoimisiún Eorpach 2006/771/CE agus de gach leasú gaolmhar;
- na meáin is iomchuí a mheas maidir le húdarú a thabhairt d'úsáid an bhanda 5150 - 5250 MHz d'iarratais um Fhaoiseamh Tubaiste Leathanbhanda (BBDR) , lena n-áirítear ceadúnais díolúine;
- na meáin is iomchuí a mheas maidir le húdarú a thabhairt d'úsáid an bhanda minicíochta 5875 - 5905 MHz (ainmnithe d'iarratais ar shábháilteacht ar bhóithre um Chórais Iompair Chliste (ITS) laistigh d'Éirinn), ar bhonn neamh-eisiatach, d'iarratais dá leithéid i gcomhréir le Cinneadh an CE (2008/671/CE)[26];
- cé go n-aithnítear go bhfuil roinnt de na seirbhísí raidió a fheidhmíonn sna bandaí minicíochta atá clúdaithe ag Talamh Ultra-Leathanbhanda - agus - Radar Tóraíochta Balla (GPR/WPR) á n-úsáid le haghaidh eitlíochta, meitéareolaíochta, srl., fiosróidh ComReg bealaí cuí maidir le húdarú na gcóras íomháithe GPR/WPR lena n-áirítear, ach níl sé teoranta dóibh, díolúine ceadúnais;
- páirt ghníomhach a ghlacadh i bpléití leanúnacha laistigh den Eoraip maidir leis an ngá le bannaí speictream breise i leith Feistí Aitheantais Minicíochta Raidió (RFID) agus SRDanna sa raon UHF nó maidir le leordhónacht na mbandaí speictream atá ann cheana féin;
- aird a thabhairt ar Chinneadh nua ón CE a mhol an CEPT ar fheidhmeanna Radar Tóraíochta Leibhéil (LPR) tionsclaíoch atá ag teacht chun cinn chun a chinntiú go mbaintear úsáid as feistí LPR faoi choinníollacha comhchuibhithe laistigh den Eoraip. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt an Chinnidh seo agus páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhforbairt;
- smaoineamh faoi bhandaí minicíochta breise a ainmniú le haghaidh feistí SRD arna n-úsáid ag Teileamaitic Iompar Bóthair agus Tráchta (RTTT). Agus go sonrach, agus ar aon dul le forbairtí Eorpach, an banda minicíochta 76 GHz atá faoi bhreithniú le haghaidh Córais Faireachais Radar mar chuid de RTTT chomh maith leis an mbanda 24.25-24.50 GHz le haghaidh Radair Mhód Gníomhaíochta Ísle Leathanbhanda (WLAM) de chuid RTTT ;
- beidh páirt ghníomhach ag ComReg i bplé leanúnach, laistigh den CEPT agus an AE, maidir leis an ainmniú féideartha speictrim do Líonraí Achair Chomhlachtaí Leighis (MBANanna);
- smaoineamh faoi hainmniú an bhanda 30 -35 MHz le haghaidh feidhmeanna teiliméadrachta baoishonraí atá díolmhaithe ó cheadúnais (is é sin trealamh a dearadh chun críocha teiliméadrachta i dtimpeallacht mhuirí);
- an acmhainneacht a fhiosrú maidir le húsáid an bhanda 57-66 GHz a leathnú (arna ainmniú le haghaidh feidhmeanna tharchur leathanbhanda in Éirinn) le haghaidh SRDanna neamhshonracha;
- smaoineamh faoi héifeacht na n-astuithe ó SRD ar sheirbhísí radióchumarsáide faoi mhír 1.18 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

## 6.6 Seirbhísí Muirí

The maritime sector is a significant spectrum user, comprising a large leisure component, an extensive fishing industry, a competitive commercial sector and a wide ranging naval presence. Due to the global nature of maritime services, the management of the radio spectrum is largely governed by national and international regulations, such as those relating to safety of life at sea (SOLAS).

### 6.6.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Muirí

Áirítear í straitéis ComReg le linn na tréimhse seo:

- leanúint le leas na hÉireann a chur chun cinn ag fóraim idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfuil dóthain speictrim ar fáil do sheirbhísí muirí;
- leanúint ar aghaidh tús áite a thabhairt agus cosaint a sholáthar ó thrasnaíocht ar sheirbhísí sábháilteachta beatha ar muir.
- leanúint ar aghaidh ag obair leis an MRAU le teicneolaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh speictrim de a chur chun cinn sna bandaí ábhartha, agus mar sin ag baint lánúsáide as an speictream atá ar fáil d'fhás agus d'iarratais nua; agus
- smaoineamh faoi chur i bhfeidhm de theicneolaíochtaí digiteacha nua do na seirbhísí muirí soghluaiste trí athbhreithniú ar Aguisín 17 do na Rialacháin Raidió faoi mhír 1.9 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

26. 2008/671/EC - CINNEADH AN CHOIMISIÚIN an 5 Lúnasa, 2008 maidir le húsáid chomhchuibhithe an speictrim raidió sa bhanda minicíochta 5 875-5 905 MHz a d'iarratais a bhaineann le sábháilteacht um Chórais Iompair Chliste (ITS)

# 6. Straitéis do Sheirbhísí Raidió Sonracha *ar lean*

## 6.7 Seirbhísí Aerloingseoireachta

Tá sábháilteacht agus éifeachtúlacht iompar aeir ag brath ar sheirbhísí cumarsáide agus loingseoireachta a bhaineann úsáid as raidió-mhinicíochtaí. Ós rud é go bhfuil an chuid is mó den aerthaistil idirnáisiúnta de réir nádúir, déantar pleanáil go hidirnáisiúnta don chuid is mó den speictream raidió a úsáideann earnáil na loingseoireachta. In Éirinn, is é Údarás Eitlíochta na hÉireann(IAA) atá freagrach as rialáil an tionscail eitlíochta. Tá ról ComReg sa réimse seo teoranta do riaradh na heisiúna de cheadúnais raidió do threalamh ar bord aerárthaigh agus do thrasghlacadóirí aerloingseoireachta talún, córais radair agus raidió-loingseoireachta.

### 6.7.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta

Áirítear i straitéis ComReg do sheirbhísí loingseoireachta ar feadh tréimhse na straitéise seo:

- leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt d'Éirinn sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha lena chinntiú go bhfuil dóthain speictrim ar fáil do sheirbhísí aerloingseoireachta;
- leanúint le soláthar agus tosaíocht a thabhairt do chosaint ó thrasnaíocht ar sheirbhísí sábháilteachta beatha aerloingseoireachta;
- leanúint ar aghaidh ag obair leis an IAA le húsáid de theicneolaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh speictream de a chur chun cinn sna bandaí aerloingseoireachta, agus mar sin ag baint lánúsáide as an speictream atá ar fáil d'fhás agus d'iarratais nua; agus
- smaoineamh faoi sheirbhísí nua aerloingseoireachta soghluaiste (R) a thabhairt isteach faoi mhír 1.4 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

## 6.8 Seirbhísí Satailíte

Cuireann líonraí raidió-chumarsáide satailíte réimse leathan feidhmiúcháin ar fáil lena n-áirítear: teileachumarsáid sheasta agus shoghluaiste, (fóin satailíte agus naisc theileachumarsáide idir ilchríocha); seirbhísí craolacháin, mar shampla teilifís ilchainéileach Díreach Chuig Baile (DTH) agus Satailíte Raidió Digiteach (SDR); leathanbhanda satailíte; Nuachtbhailiú Satailíte (SNG), agus seirbhísí meitéareolaíochta; taighde spáis; agus feidhmchláir Seirbhís Taiscéalaíochta Domhanda (EES). Ina theannta sin tá ról rí-thábhachtach ag satailítí i sábháilteacht mara agus aerloingseoireacht trí sheirbhísí ar nós Rabhcháin Raidió a léiríonn Staid Éigeandála (Emergency Position Indicating Radio Beacons) (EPIRB),seirbhísí raidió aerloingseoireachta agus Córas Suite Domhanda (GPS) a sholáthar. Leis an gClár don Rialtas, thug ComReg faoi deara an rún a bhaineann le húsáid na seirbhísí leathanbhanda satailíte mar chomhpháirt amháin (mar aon le leathanbhanda soghluaiste) chun leathanbhanda na chéad ghlúine eile a chur ar fáil do dheich faoin gcéad de theaghlaigh agus gnólachtaí in Éirinn a bhfuil ríomhthardul de líonra snáithín acu.

### 6.8.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Satailíte

Is í straitéis ComReg do Sheirbhísí Satailíte ná:

- freagairt d'iarratais ar chomhordú minicíochta a bhaineann le seirbhísí satailíte ar bhealach a chinnteodh rochtain comhionann ar speictream raidió do sheirbhísí trastíre agus ar sheirbhísí satailíte araon a roinneann na bandaí minicíochta céanna nó bandaí minicíochta atá in aice le chéile. Beidh comhordú bunaithe ar na rialacháin chuí náisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta atá i bhfeidhm;
- an cur chuige rialála cuí a thabhairt chun críche (feitheamh ar thoradh plé an CE) chun forbairt agus imlonnú Seirbhís Satailíte Soghluaiste (MSS) a éascú le Comhpháirt Talún Chomhlántach (CGC);
- ag freagairt go dearfach do mholtaí ar úsáid seirbhísí satailít-bhunaithe agus ar úsáid líonraí CGC in Éirinn; agus
- smaoineamh faoi leithdháileadh breise de sheirbhísí satailíte soghluaiste a thabhairt isteach faoi mhír 1.25 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

## 6.9 Seirbhísí Raidió Gnó (lena n-áirítear Seirbhísí Sábháilteachta Poiblí)

In ainneoin an fháis thapa leanúnaigh sa teileafónaíocht cheallach, is córas cumarsáide a bhfuil tóir air le haghaidh iarratais fós é an raidió gnó, san áit a bhfuil an chuid is mó den trácht idir pointe rialaithe agus teirminéal soghluaiste amháin nó níos mó, nó san áit ina gcaitheann grúpa teirminéal soghluaiste cumarsáid a dhéanamh ar bhonn "ceann amháin go gach ceann eile." Tá na príomh-úsáidí de raidió gnó le haghaidh sábháilteacht agus slándáil an phobail (m.sh. dóiteáin agus seirbhísí éigeandála otharchairr), fóntais phoiblí, úsáideoirí tionscail agus tráchtála (tacsaithe, teachtairí, slándáil, srl.) chomh maith le heagraíochtaí deonacha éagsúla, agus teastaíonn bealach iontaofa uathu chun cumarsáid a dhéanamh le pearsanra agus, go háirithe, leo siúd atá ag taisteal.

### 6.9.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Raidió Gnó

Áirítear i straitéis ComReg do Sheirbhísí Raidió:

- athbhreithniú a dhéanamh ar bhandaí minicíochta raidió gnó reatha agus féideartha amach anseo d'fhonn:
  - a chinntiú go mbeidh speictream leordhóthanach ann chun teicneolaíochtaí digiteacha nua agus iad sin atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach.
  - creat rialála a sholáthar do gach seirbhís glaoireachta ag feidhmiú faoi cheadanna (agus céimniú amach d'eisiúint na gceadúnas le linn shaolré an Ráiteas Straitéise at beartaithe);
  - ag spreagadh na forbartha agus úsáide de theicneolaíochtaí nua atá éifeachtach ó thaobh an speictrim, lena n-áirítear breithniú faoi dheireadh a chur le teicneolaíochtaí analóige raidió gnó ag dáta cuí;
  - an úsaid is fearr a bhaint as na méideanna suntasacha de speictream VHF agus UHF a bhfuil ag gníomhaireachtaí Stáit cheana féin agus atáthar ag siúl go scaoilfidh siad thar saolré na straitéise seo;
  - struchtúr táillí a chur i bhfeidhm a chuirfidh príomh-chritéir san áireamh, mar shampla an bandaleithead a úsáidtear, úsáid eisiatach, suíomh geografach agus raon clúdaigh;
  - creat rialála a sholáthar do cheadúnú an bhanda 169.6-169.8125 MHz chun rianú ardchumhachta a úsáid agus chun córais rianaithe sócmhainní agus córais glaoireachta ardchumhachta a úsáid ar aon dul le Cinneadh an CE maidir le Comhchuibhiú[27];
  - iarraidh ar chóras ceadúnaithe a chur ar fáil do mhinicíochtaí láthair don úsáid shonrach de chórais rianaithe agus sócmhainn rianaithe ar bhonn náisiúnta;
  - solúbthacht a sholáthar maidir le raidió gnó a cheadúnú ar bhonn sealadach; agus,
  - solúbthacht a thabhairt don ComReg maidir le teicneolaíochtaí ilghnéitheacha a cheadúnú[28];
- leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do riachtanais úsáideoirí agus do thionscail an raidió gnó lena chinntiú go mbíonn speictream ar fáil chun freastal ar theicneolaíochtaí raidió gnó nua agus gur féidir uasghrádú a dhéanamh ar cheadúnais do chórais analóige atá ann cheana go córais dhigiteacha nuair a iarrtar sin;
- leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar suiteálacha BR lena chinntiú go bhfuil coinníollacha ceadúnais á gcomhlíonadh;
- comhchomhairle a dhéanamh maidir le creat rialála a thabhairt isteach do chóras ceadúnais nua le haghaidh seirbhísí Teiliméadrachta agus teilea-ordaithe; agus
- smaoineamh faoi chomhchuibhiú réigiúnach/ domhanda den speictream le haghaidh córais nuachtbhailithe leictreonaigh (ENG) faoi mhír 1.5 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

## 6.10 Seirbhísí Raidió Amaitéaraigh

Aithníonn an ITU go sonrach an tSeirbhís Amaitéarach[29] mar sheirbhís chun críche féin-oiliúna agus imscrúduithe teicniúla agus mar sin tá speictream faoi leith leithdháilte uirthi laistigh den Tábla Idirnáisiúnta de Leithdháilte Minicíochtaí.

### 6.10.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Raidió Amaitéaraigh

Áirítear i straitéis ComReg do sheirbhísí eolaíochta ar feadh tréimhse na straitéise seo:

- smaoineamh ar an leithdháileadh trí chainéal breise sa bhanda 5 MHz, ar bhonn tánaisteach, don tseirbhís Amaitéarach, tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí reatha den speictream sin;
- smaoineamh faoi mhéadú sa chumhacht a cheadaítear sa bhanda 10 MHz tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí reatha; agus
- fonóta EU17 de chuid an ECA[30] a chur i bhfeidhm sa chéad athbhreithniú eile ar thábla náisiúnta na leithdháiltí minicíochta.

## 6.11 Seirbhísí Eolaíochta

Baintear úsáid as an speictream raidió do raon leathan feidhmiúchán a oibríonn faoin gcur síos ginearálta 'seirbhísí eolaíochta'. Áirítear orthu sin réalteolaíocht raidió, saitilít meitéareolaíochta agus áiseanna meitéareolaíochta, seirbhísí taiscéalaíochta domhanda-saitilíte(EESS), taighde an spáis agus seirbhísí oibriúcháin an spáis. Tá buntáistí suntasacha sóisialta agus eacnamaíochta ag baint le húsáid an speictrim eolaíochta

27. Cinneadh an Choimisiúin an 20 Nollaig 2005 maidir le comhchuibhiú an bhanda minicíochta 169.4-169.8125 MHz sa phobal (2005/928/CE).
28. Áirítear leis seo SonaBouys mar shampla a luaitear faoi Fheistí Gearr-Raoin (féach ar mhír6.5) má thaispeantar nach bhfuil an teicneolaíocht seo oiriúnach do dhíolúine cheadúnais agus raidió sondála arna lua sa mhír um sheirbhísí Eolaíochta (féach ar mhír 6.11 ).
29. Ba chóir breathnú ar an tagairt de Sheirbhís Amaitéireach atá laistigh den doiciméad seo amhail is go bhfuil an tSeirbhís Satailíte Amaitéirí san áireamh, mura luaitear a mhalairt.
30. Sna fobhandaí 3400 - 3410 MHz, 5660 - 5670 MHz, 10.36 - 10.37 GHz, 10.45 - 10.46 GHz feidhmíonn an tseirbhís amaitéarach ar bhonn tánaisteach. Agus tascanna a thabhairt do sheirbhísí eile, ceanglaítear ar riarthóirí CEPT nuair is féidir na fobhandaí seo a choimeád sa chaoi is go n-éascaítear glacadh le hastuithe amaitéaracha a bhfuil floscdhlúis íoscumhachta orthu.

# 6. Straitéis do Sheirbhísí Raidió Sonracha *ar lean*

**6.11.1 Straitéis ComReg maidir le Seirbhísí Eolaíochta**

Áirítear i straitéis ComReg do sheirbhísí eolaíochta ar feadh tréimhse na straitéise seo:

- idirchaidreamh leanúnach le Met Éireann[31] agus le heagraíochtaí eolaíocha eile lena chinntiú go dtuigfear na riachtanais speictrim reatha atá agus a bheidh ag na Seirbhísí Eolaíochta agus, nuair is féidir é, go ndéanfar iad a ionchorprú isteach i bpleananna náisiúnta do chomhdhálacha pleanála speictrim amach anseo;
- leanúint le hardchosaint a thabhairt do sheirbhísí meitéareolaíochta, go háirithe ag féachaint dá n-úsáid mar chosaint ar shaol agus ar mhaoin an duine;
- leanúint le hardchosaint a thabhairt do EESS ag féachaint don tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhraiteoirí éighníomhacha agus ghníomhacha a d'fhéadfadh cur isteach go hollmhór ar chláir taighde eolaíochta;
- cosaint a thabhairt don tseirbhís eolaíochta ag cur san áireamh na forálacha d'uimhir fonóta 5.340[32] de na rialacháin Raidió ITU;
- meicníocht cheadúnaithe chuí fhorbairt chun ceadúnas a thabhairt do ghaireas a úsáidtear le haghaidh faisnéis mheitéareolaíochta a bhailiú - is é sin raidió sondála; agus
- smaoineamh ar an soláthar de phríomhleithdháileadh domhanda doleithdháiltí na seirbhíse chinneadh raidió-satailíte (an spás-go dtí-an Domhan) sa bhanda 2,483.5-2,500 MHz, faoi mhír 1.18 ar chlár oibre na Comhdhála Domhanda Radachumarsáide 2012, ag cur san áireamh an seasamh CEPT, ar aon dul le seasamh náisiúnta na hÉireann.

## 6.12 Úsáid an Speictrim ag na Fórsaí Cosanta

Tá na fórsaí cosanta ag baint úsáide gníomhaí as raidióchumarsáid ón tús agus meastar go bhfuil an úsáid a bhaineann siad as speictream raidió ríthábhachtach ó thaobh slándála náisiúnta. Níl aon leithdháiltí seirbhíse sonracha d'fheidhmeanna cosanta sna Rialacháin Raidió Idirnáisiúnta mar go n-aithnítear go bhfuil cumarsáid chosanta ina sainchumas do gach náisiún ceannasach. I gcomhréir leis an Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926, níl ceadúnas riachtanach do ghaireas do raidió-theileagrafaíocht a choimeádann an tAire Cosanta nó a bhíonn ina s(h)eilbh, chun críche na bhFórsaí Cosanta.

Ar feadh thréimhse an ráitis straitéise seo, déanfaidh ComReg:

- feasacht a choimeád ar fhorbairtí idirnáisiúnta, go háirithe i CEPT trí Fhóram Bainistíochta Minicíochta na Sibhialta-Míleata lena dtugtar le chéile bainisteoirí speictrim sibhialta agus míleata ar fud na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leasa choitinn;
- leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh a dhéanamh le Fórsaí Cosanta na hÉireann mar is gá chun saincheisteanna a réiteach maidir le hábhar imní frithpháirteach; agus
- na deiseanna a fhiosrú leis na húdaráis ábhartha chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht speictrim.

## 6.13 Cur i bhfeidhm de Chinntí agus de Mholtaí na hEorpa

Chomh maith le cinntí an CE a bhaineann le speictream, a gceanglaítear ar na Ballstáit a chur i bhfeidhm, glacann an ECC[33] cinntí, moltaí agus tuarascálacha freisin atá dírithe ar úsáid éifeachtach speictrim agus comhchuibhiú. Cé gur ar bhonn deonach é cur i bhfeidhm chinntí agus mholtaí an ECC ag riaracháin náisiúnta, ós rud é nach bhfuil aon chumhacht reachtach ag an CEPT nó ag an ECC, tá ról suntasach ag an ECC maidir le húsáid speictrim a chomhchuibhiú san Eoraip.

Cé go bhfuil cur i bhfeidhm chinntí agus mholtaí an ECC ag riaracháin náisiúnta deonach, is uirlis thábhachtach í i gcomhchuibhiú úsáide an speictrim raidió agus soláthraíonn sé eolas soiléir don tionscal agus d'oibreoirí maidir le gníomhartha comhchuibhithe de chuid CEPT .

Le linn tréimhse an ráitis straitéise seo, tá sé beartaithe ag ComReg 20 cinneadh nó moladh a chur i bhfeidhm (liostaítear iad seo in Aguisín E de Dhoiciméad ComReg 11/28). Táthar ag súil go bhforbróidh an ECC tuilleadh cinntí agus moltaí nua a d'fhéadfadh ComReg cur i bhfeidhm le linn tréimhse an ráitis straitéise seo.

31. Is é Met Éireann, Seirbhís Mheitéareolaíoch Náisiúnta na hÉireann, an príomh-úsáideoir speictrim minicíochta raidió le haghaidh meitéareolaíochta in Éirinn. Is é Met Éireann an príomhsholáthróir faisnéise aimsire agus seirbhísí gaolmhara d'Éirinn agus is é an misean atá aige monatóireacht, anailís agus réamhaithris a dhéanamh ar aimsir agus aeráid na hÉireann, agus faisnéis meitéareolaíochta agus ghaolmhar ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí.
32. Fonóta ITU RR 5.340 Tá cosc ar gach astú sna bandaí seo a leanas: 1 400-1 427 MHz, 2 690-2 700 MHz, ach amháin iad sin dá bhforáiltear le Uimh 5.422, 10.68-10.7 GHz - ach amháin iad sin dá bhforáiltear le Uimh 5.483, 15.35-15.4 GHz - ach amháin iad sin dá bhforáiltear le Uimh 5.511 , 23.6-24 GHz, 31.3-31.5 GHz, 31.5-31.8 GHz - i Réigiún 2, 48.94-49.04 GHz - ó stáisiúin ar eite 50.2-50.4 GHz , 52.6-54.25 GHz, 86-92 GHz, 100-1 02 GHz, 109.5 -111.8 GHz, 114.25-116 GHz, 148.5-151.5 GHz, 164-167 GHz, 182-185 GHz, 190-191.8 GHz, 200-209 GHz, 226-231.5 GHz, 250-252 GHz.
33. Tá an ECC (Coiste Cumarsáide Leictreonaí) ar cheann de na trí choistí den CEPT (féach ar www.cept.org/eco)

# 7. Forbhreathnú Meántéarmach (Tréimhse 3-5 Bliana)

Is léir go leanfar leis an méadú ar éileamh speictrim thar fhráma ama an Ráitis Straitéise seo agus ní mór do ComReg leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil an speictream ina chumasóir agus ní ina srian ar sholáthar seirbhíse. Sa chomhthéacs seo, tá ComReg aireach ar threochtaí agus forbairtí atá ag teacht chun cinn a mbeidh tionchar níos fadtéarmaí acu ar an straitéis bainistíochta speictrim. Cé nach bhfuil sé cosúil go mbeidh tionchar suntasach ag gach ceann de na treochtaí thar shaolré an ráitis straitéise seo, mar sin féin tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na saincheisteanna seo anois, ar leibhéal ard, chun feasacht a mhúscailt agus díospóireacht a spreagadh i measc páirtithe leasmhara.

## 7.1 Bearta Éifeachtachta Speictrim

D'fhonn bainistiú éifeachtach an speictrim raidió a bhaint amach tá níos mó ná breithniú teicniúil amháin a dhéanamh ar éifeachtacht speictrim. Ní mór cúinsí feidhme agus eacnamaíocha a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear an mhéid a chomhlíonann úsáid an speictrim riachtanais shonracha an úsáideora agus an luach sóisialta agus eacnamaíochta a bhféadtar a dhíorthú uaithi

### 7.1.1 Táillí Úsáide Bliantúla

I tuairim ComReg, d'fhonn a chinntiú go leanfaidh na táillí úsáide speictrim bliantúla le húsáid éifeachtach speictrim a spreagadh i rith an téarma ceadúnas éireoidh sé níos tábhachtaí do na táillí sin a bheith cothrom le dáta ar bhonn bliantúil chun an ráta ginearálta boilscithe a thabhairt i gcuntas. Le hinnéacsú dá leithéid coinneofar an luach de na táillí úsáide comhsheasmhach i dtéarmaí réadacha agus, mar sin, dreasachtaí cuí a chothabháil do ghnólachtaí chun measúnú leanúnach a dhéanamh maidir leis an gceist ar chóir dóibh leanúint ar aghaidh le cearta úsáide speictrim ar leith a bheith ina seilbh acu.

### 7.1.2 An Teacht Chun Cinn de Phraghsáil Dreasachta Riaracháin (AIP)

Ba chóir do chórais cheadúnaithe speictrim dreasachtaí a sholáthar do gach sealbhóir ceadúnais, agus ar fud na bandaí speictream go léir, measúnú leanúnach a dhéanamh maidir leis an gceist ar chóir dóibh leanúint ar aghaidh le cearta úsáide speictrim a bheith ina seilbh acu faoi réir théarmaí a gceadúnas. Is meicníocht AIP a fhéadtar a úsáid chun úsáid speictrim níos déine a chur chun cinn trí tháille bhliantúil arna socrú ag riarachán.

Creideann ComReg gur chóir go bhféadfadh gnólachtaí, a fuair cearta úsáide speictrim i gcás neamh-iomaíoch, a bheith faoi réir AIP mar gur chóir dreasachtaí a thabhairt do cheadúnaithe den sórt sin d'fhonn é a úsáid go héifeachtúil agus d'fhonn a aimsiú cibé an raibh úsáideoirí féideartha eile a bhféadfadh níos mó measa a bheith acu ar an gceart ná atá acu siúd.

Ní shamhlódh ComReg go ginearálta AIP a cearta speictrim a leithdháileadh i gceant, mar bheadh na táillí speictrim aitheantais a fhaightear trí cheantanna dá leithéid curtha faoi bhráid i bhfianaise théarmaí agus coinníollacha an cheant, ina leagfaí amach táille bhliantúil don úsáid speictrim a bhaineann le fad an cheadúnais téarma sheasta.

# 7. Forbhreathnú Meántéarmach (Tréimhse 3-5 Bliana) *ar lean*

Ar an iomlán leanfaidh ComReg air ag smaoineamh ar na buntáistí a bhaineann le bandaí speictrim AIP éagsúla agus cineálacha ceadúnais mar go bhfuil sé ar cheann de roinnt ionstraimí atá fáil ag uirthi chun úsáid éifeachtach an speictrim a spreagadh.

### 7.1.3 Úsáid na hEarnála Poiblí de Speictream Raidió

Go stairiúil, caomhnaítear an úsáid speictream raidió le haghaidh na n-údarás Stáit d'fheidhmeanna ar nós craolacháin na hearnála poiblí agus cumarsáid do na Fórsaí Cosanta agus do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Ceaptar go bhfuil úsáid an speictream raidió seo ríthábhachtach, i measc rudaí eile, do shábháilteacht an phobail agus do shlándáil an náisiúin. de ghnáth bronntar cearta úsáide speictrim ar eintitis san earnáil phoiblí gan táille a ghearradh De réir mar a forbraíodh teicneolaíocht agus de réir mar a tháinig margadh tráchtála le haghaidh úsáid speictrim raidió chun cinn méadaíodh an t-éileamh ar an speictream a bhí fós ar fáil.

Níl aon leithdháiltí seirbhíse sonracha d'fheidhmeanna cosanta sna Rialacháin Raidió Idirnáisiúnta mar go n-aithnítear go bhfuil cumarsáid chosanta ina sainchumas do gach náisiún ceannasach. Mar sin féin, má bhíonn speictream ar fáil bíonn an argóint ann gur chóir go mbeadh an t-uasluach sóisialta agus eacnamaíoch á bhaint as.

Is é ceann de na bearta éifeachtúlachta speictrim ar fiú smaoineamh faoi ná cur chuige bunaithe ar an margadh, agus bheadh táillí i gceist do na húsáideoirí go léir, lena n-áirítear iad siúd nach n-íocann faoi láthair as cearta speictrim raidió. Measadh ComReg ar conas forbairtí ábhartha a chur i bhfeidhm sa réimse seo agus leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh teagmhála leis an Roinn Cosanta agus leis na húdaráis ábhartha eile mar is gá chun cheisteanna d'ábhar imní a réiteach.

### 7.1.4 Dul chun cinn teicneolaíocha chun Feabhas a chur ar Éifeachtacht Speictrim

Is forbairt spreagúil í teicneolaíocht chognaíoch, go háirithe nuair a chuirtear i bhfeidhm é le radióchumarsáid ós rud é go bhfuil an cumas gnóthachain éifeachtachta suntasacha a sheachadadh i mbainistiú agus in úsáid an speictrim raidió. Tá an fhéidearthacht ag an teicneolaíocht seo de raidiónna níos cliste a bhfuil an cumas acu an timpeallacht raidió áitiúil a bhrath, ar bhonn na faisnéise sin, lena n-áirítear sonraí ar na rialacha a bheidh le géilleadh (paraiméadair theicniúla oibriúcháin, srl) chun cinneadh a dhéanamh ar cad iad na minicíochtaí atá le húsáid, cathain a tharchuirtear iad agus tréithe eile, cosúil le múnlú scagaire, atá le húsáid.

Is é an saothrú ar 'spásanna bána' é an réimse spéise is láithrí do raidió cognaíoch, mar a samhlaíodh cheana féin le forbairtí sna Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Ríocht Aontaithe. Is iad seo na bearnaí idir cainéil chraolacháin teilifíse ar féidir a úsáid le haghaidh córais chumhacht níos ísle chun cumarsáid gan sreang a chur ar fáil.

Tá go leor réimsí eile den speictream, atá á n-úsáid agus nach bhfuil a n-úsáid, ina bhfuil scóip le haghaidh feidhmeanna nua a fhorbairt, a bheidh ábalta dá bharr an acmhainn speictrim a bhainistiú go dinimiciúil ag an leibhéal áitiúil, rud a chiallódh úsáid i bhfad níos éifeachtaí ná mar a ligean teicneolaíochtaí agus uirlisí bainistíochta speictrim faoi láthair.

Agus aird á tabhairt air seo, tá go leor gníomhaíocht taighde á déanamh ar theicneolaíochtaí chognaíoch agus san Eoraip maoinítear formhór tríd an gClár Creatlaí 7 an AE[34] agus d'fhoilsigh an CEPT tuarascáil ar Raidió Cognaíoch[35].

Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tabhairt breithmheasa ar fhorbairtí agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cur leis an dul chun cinn teicneolaíochta seo a bhaint amach ag leibhéal an AE.

## 7.2 Dara Díbhinn Dhigiteach

Agus ag cur san áireamh an tábhacht a bhaineann le speictream fo-1 GHz, tá sé beartaithe ag ComReg an fhéidearthacht a fhiosrú maidir le speictream Dhíbhine Digití breise a shainaithint Tuigeann ComReg go bhfuil tograí ag an Ríocht Aontaithe le haghaidh dara Díbhinn Dhigiteach sa bhanda 600 MHz agus b'fhéidir gur fiú i dtús báire an acmhainneacht den fhobhanda seo a fhiosrú chun díbhinn breise digiteach a sholáthar d'Éirinn. Go dtí seo san Eoraip, áfach, níl aon chomhdhearcadh maidir leis an acmhainneacht de dara fhobhanda Díbhinne Digití agus d'fhéadfadh an banda 700 MHz teacht chun cinn mar an dara fobhanda Díbhinn Dhigiteach is i roinnt tíortha.

Creideann ComReg go bhfuil sé riachtanach go ndéantar aon speictream díbhinne digití breise a d'fhéadfadh a bheith ar fáil a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa. Tá sé de dhualgas ar ComReg a chinntiú go bhfuil speictream leordhóthanach ar fáil chun

34. Féach láithreán gréasáin CE CORDIS - http://cordis.europa.eu/fp7/home_en.html
35. Tuarascáil 159 an ECC - Riachtanais Theicniúla agus Oibriúcháin d'fheidhmiú féideartha córas raidió cognaíocha sna 'spásanna bána' den bhanda minicíochta 470-790MHz.

freastal ar riachtanais craolacháin na hÉireann agus beidh gá é seo a chur san áireamh sula gcuirfear aon dara díbhinn digiteach dá leithéid ar fáil. Agus ag cur san áireamh stádas reatha na hoibre sa CEPT agus sa CE maidir leis an tsaincheist, ní mheasann ComReg go mbeidh an dara díbhinn digiteach ar fáil laistigh de thréimhse an ráitis straitéise seo.

.

## 7.3 Banda-L (1.5 GHz)

Le seirbhísí seasta, craolacháin agus soghluaiste ag teacht le chéile thar ardáin dhigiteacha gan sreang, tá cur chuige rialála lena gcuirtear úsáid sholúbtha an speictrim chun cinn ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile. Faoi láthair tá roinnt tíortha, a mheas ar dtús an banda 1452-1492 MHz (an Banda-L) le haghaidh seirbhísí DAB, ag cur tús le déanaí le smaoineamh ar athrú ar úsáid an speictrim do raon feidhmeanna craoltóireachta agus ilmheán laistigh de na rialacháin agus na leithdháiltí idirnáisiúnta.

Thosaigh an ECC foireann tionscadail chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid an bhanda seo sa todhchaí agus mar sin ceaptar go mbeidh forbairtí suntasacha ar úsáid an bhanda seo laistigh de thréimhse an ráitis straitéise seo - féach Table 3.

## 7.4 Cumarsáid Mheaisín go Meaisín

Rinne ComReg monatóireacht ar fhorbairtí i réimse na cumarsáide Mheaisín go Meaisín (M2M) le blianta beaga anuas agus aithníonn sé go mbeidh teicneolaíocht M2M mar bhonn taca do phríomhréimsí den gheilleagar lena n-áirítear méadrú cliste, tithe líonraithe, cúram sláinte sa bhaile agus iompar (m.sh. córas ríomhghlaoch éigeandála d'fheithiclí). Táthar ag súil go mbeidh go leor de na feidhmeanna seo ag déanamh cumarsáide thar ghréasáin gan sreang agus go mbainfidh siad úsáid as speictream ceadúnaithe nó speictream díolmhaithe ó úsáid ag brath ar an bhfeidhm ar leith, ar na páirtithe leasmhara a bheidh i gceist agus ar infhaighteacht trealaimh chaighdeánaithe.

Is éard atá i Méadrú Cliste ná córas méadrú cliste a fhéadfaidh ídiú fuinnimh a thomhas agus a fhéadfaidh sonraí maidir le hídiú a thacrhur ag baint úsáide as foirm leictreonach cumarsáide. Is príomhghné de mhéadar cliste ná an cumas cumarsáid dhéthreorach a chur ar fáil idir an tomhaltóir agus soláthraí/oibritheoir leis an aidhm de níos mó éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn. Le 3ú Pacáiste Fuinnimh an CE[36], a chaithfear a thrasuí sa dlí náisiúnta in 2011, ceanglaítear ar 80% de na tithe méadar cliste a bheith acu faoi 2020. Aithníonn ComReg na buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le méadrú cliste agus tugann sé tacaíocht don obair atá ar siúl go dtí seo a rinne an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) d'fhonn eolas a thabhairt ar an anailís costais is tairbhe do mhéadrú cliste in Éirinn.

Is cosúil gurb é Power Line Carrier (Iompróir Líne Cumhachta) an teicneolaíocht is coitianta i mórthír na hEorpa le haghaidh Méadrú Cliste agus is é réiteach mhogalra minicíochta raidió gan sreang an sainrogha i Meiriceá Thuaidh. I dtíortha eile, úsáideadh réiteach líonra tríú páirtithe ag baint úsáide as GPRS ar líonraí oibreora soghluaiste atá ann cheana féin. Níl sé soiléir faoi láthair cad é an réiteach cumarsáide a nglacfar do Mhéadrú Cliste in Éirinn. Leanfaidh ComReg ar aghaidh lena rannpháirtíocht leis an CER, ESBN agus páirtithe leasmhara eile chun teacht ar an réiteach is fearr le haghaidh cumarsáide méadrú cliste in Éirinn ar bhealach atá comhsheasmhach lena oibleagáidí reachtúla.

36. Leis na treoracha gáis agus leictreachais den tríú pacáiste fuinnimh, arna glacadh in 2009, éilítear ar bhallstáit clár ama a ullmhú le haghaidh córais mhéadrú cliste a thabhairt isteach. I gcás an leictreachais, ba chóir go mbeadh 80% ar a laghad de na custaiméirí feistithe le méadar cliste faoi 2020, ag feitheamh ar staidéar ó thaobh costais measúnaithe. Tá sonraí ar an 3ú Threoir Fuinnimh ar fáil ar: http://ec.europa.eu/energy/gas_electricity/third_legislative_package_en.htm

# Aguisín A - Ríomh na Ranníocaíochta den Speictream Raidió

Rinneadh an ranníocaíocht speictream raidió le haghaidh an ráiteas straitéise seo a ríomh ag baint úsáide as an modheolaíocht chéanna a úsáidtear i ngach doiciméad straitéise bainistíochta speictrim roimhe seo. Braitheann an mhodheolaíocht seo ar shonraí údarásacha a fuarthas ó ráitis airgeadais chorparáidigh a liostaítear leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí na hÉireann. Le húsáid na modheolaíochta céanna ligtear do chomparáid dhíreach a dhéanamh de na torthaí thar thréimhse fhadtéarmach.

Cinneadh ranníócaíocht chuideachta ar leith don GDP tríd úsáid a bhaint as speictream raidió tríd an mbrabús a ghin a hoibríocthaí ('brabús oibriúcháin') agus é a shuimiú le híocaíochtaí foirne na cuideachta. Is ranníocaíocht indíreach leis an ngeilleagar iad íocaíochtaí le baill foirne mar thoradh ar an bpá a caitheadh.

Baintear dímheas, a léiríonn caillteanas barúlach shócmhainní corparáideacha in imeacht ama, ó chaiteachas caipitil, is é sin an méid a chuirtear le sócmhainní an eintitis chorparáidigh. Soláthraíonn sé seo tomhas níos cruinne ar shreabhadh airgid iarbhír laistigh den gheilleagar. Ní áirítear an figiúr do chaiteachas caipitil (Capex) ach amháin maidir le sócmhainní inláimhsithe seasta agus ní chuirtear diúscairtí (sócmhainní a dhíoltar nó a dhíscríobhtar ag an gcuideachta) san áireamh.

Is féidir é seo a chur in iúl chomh maith mar seo a leanas:

*Rannchuidiú don OTI= Brabús oibriúcháin + Íocaíochtaí foirne + [Dímheas – Capex]*

Déantar an meastachán ar an rannchuidiú don GDP a cháiliú ar dhá bhealach thábhachtacha. Ar dtús, sa mheastachán eisítear cuideachtaí beaga a bhfuil feidhm ag Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 orthu[37] toisc go bhfuil cuideachtaí dá leithéid sin díolmhaithe ó shraith iomlán de chuntais airgeadais. Mar thoradh air sin, ní féidir roinnt de na sonraí atá riachtanach chun na meastachán ranníocaíocht OTI a fháil go héasca i gcomhréir leis an modheolaíocht thuas. Cé go bhfuil na suimeanna láimhdeachas aonair do chuideachtaí beaga sách íseal, d'fhéadfadh rannchuidiú comhtháite na gcuideachtaí beaga gan sreang agus na gcuideachtaí príobháideacha neamhtheoranta a bheith sách mór ach gan cuntas a bheith déanta dó.

Baineann an dara cáilíocht leis na cineálacha cuideachtaí a úsáideann an raidió. Os rud é nach mbíonn úsáideoirí speictream raidió (agus na húsáidí a mbaintear as) aonchineálach, rinneadh speictream a chatagóiriú mar bhunúsach nó tadhlaíoch maidir le cineálacha éagsúla oibríochtaí corparáideacha. Ní áirítear roinnt cuideachtaí brabúsach a fhostaíonn líon suntasach a fhorbraíonn bogearraí casta le haghaidh na gnéithe oibríochta agus billeála de na líonraí, mar shampla .

Meastar go bhfuil an speictream raidió bunúsach do sholáthar seirbhísí soghluaiste, mar shampla, ós rud é nach féidir cumarsáide soghluaiste den chineál seo a dhéanamh ach trí úsáid a bhaint as minicíochtaí raidió. Tá sin fíor maidir le formhór na seirbhísí craoltóireachta a chuirtear ar fáil in Éirinn freisin. Is féidir speictream raidió a mheas mar 'bhunúsach' don earnáil eitlíochta chomh maith, ós rud é nach bhféadfaí oibríocht shábháilte agus méid an tráchta aeir a bhainistiú ach amháin trí raidió a úsáid. Ní bhaineann earnálacha eile, mar shampla tionscal na bhfeistí leighis, úsáid as raidió ach ar bhealach tadhlaíoch. Is léir nach feistí leighis gan sreang iad na feistí leighis go léir a tháirgtear, ach tá sé deacair nádúr agus méid na húsáide raidió sa tionscal sin a mheas, mar go n-oibríonn an trealamh sa bhanda gan ceadúnas de 2.4 GHz go príomha.

Agus mar thoradh ar an dá cháilíochta seo tá meastachán coimeádach ach de réir mar é seo an cur chuige atá á leanúint ó cuireadh tús leis na ráitis straitéise, soláthraítear comparáidí díreacha bliain i ndiaidh bhliain agus tréimhse i ndiaidh tréimhse.

37. ss. 11, 12 Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986. 'Cuideachtaí beaga' a bhfuil láimhdeachas níos lú ná €3.81m agus níos lú ná 50 fostaí acu

Commission for
**Communications Regulation**

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation.

Cúirt na Mainistreach Lárionad Irish Life Sráid na Mainistreach Íochtarach Baile Átha Cliath 1 Éire
Teileafón +353 1 804 9600 Facs +353 1 804 9680 Ríomhphost info@comreg.ie Suíomh Gréasáin www.comreg.ie